ART-YOUTH-CULTURE: FYI

Cruinniú idir daoine óga agus lucht déanta beartas
27-29 Márta 2010

Tuarascáil agus Freagairt na Comhairle Ealaíon

'Youth in Action' Programme

Discs

Clár Ábhar

Cuid 1 - Achoimre ar an bpróiseas **5**

1.1 Achoimre ar na hImeachtaí 5

1.2 Próifíl na dtoscairí 5

1.3 Liosta de na hionadaithe beartais agus soláthraithe cultúrtha 6

1.4 Modheolaíocht agus príomhghníomhaíochtaí 8

1.5 Rannpháirtíocht na ndaoine óga i ngach céim den tionscadal 10

1.6 An méid a chuir lucht déanta beartas leis an tionscadal 13

Cuid 2 - Téamaí agus teachtaireachtaí a tháinig aníos i ngach ceardlann/seisiún **15**

2.1 An comhthéacs a thabhairt 15

2.1.1 Oscailt le hionadaithe na Comhairle Ealaíon 15

2.1.2 An cheardlann tosaigh – ionchais agus eispéiris 16

2.2 Ceardlanna ealaíon 17

2.2.1 Ceol 18

2.2.2 Scannán 19

2.2.3 Na hamharcealaíona 20

2.2.4 Téatar 22

2.3 Plé comhchéime 23

2.3.1 Cruinniú comhchéime 1: Gníomhaireachtaí Rialtais agus Náisiúnta 24

2.3.2 Cruinniú comhchéime 2: Oifigí Ealaíon na nÚdarás Áitiúil 24

2.3.3 Cruinniú comhchéime 3: Institiúidí Cultúrtha Náisiúnta agus The Ark, Ionad Cultúrtha do Leanaí 25

2.3.4 Cruinniú comhchéime 4: Institiúid Scannán na Éireann/ An Feachtas Náisiúnta ar son na nEalaíon 25

2.3.5 Cruinniú comhchéime 5: Oideachas 26

2.4 An Seisiún Deiridh - Cruinniú Spáis Oscailte 27

2.4.1 Spás – fíorúil/cruthaitheach/fisiciúil 27

2.4.2 Rochtain – trealamh/áiseanna/deiseanna 28

2.4.3 Oideachas 29

2.4.4 Conas is féidir éisteacht le guth na ndaoine óga agus é sin a léiriú sa bheartas? 30

2.4.5 Maoiniú 5% / Dearcadh agus stádas na n-ealaíon agus daoine óga 31

2.4.6 Cad a tharlaíonn anois? 32

2.5 Fóram *Future Arts* ar líne 33

Cuid 3 - Measúnú agus torthaí 37
3.1 Aiseolas agus measúnú 37
3.1.1 Aiseolas ó thoscairí óga 37
3.1.2 Aiseolas curtha le chéile – daoine óga agus lucht déanta beartas 39
3.1.3 Aiseolas breise ó lucht déanta beartas 40
3.2 Teorainneacha 41
3.3 Torthaí 41
3.3.1 Forbairt beartais na Comhairle Ealaíon 41
3.3.2 Gníomhartha leantacha na Comhairle Ealaíon agus na gcomhpháirtithe straitéiseacha 41
3.3.3 Gníomhartha leantacha Future Arts a rinne toscairí óga 42

Cuid 4 – Freagairt na Comhairle Ealaíon do Art-Youth-Culture: FYI 45
Gníomhartha féideartha le haghaidh forbairt straitéiseach sa réimse Daoine óga, Leanaí agus Oideachais

Fíoracha
Fíor 1: Foirm clárúcháin na dtoscairí –
Cén ceann díobh seo a leanas a thugann an cur síos is fearr ar d'áit chónaithe? 6
Fíor 2: Liosta de na hionadaithe beartais agus soláthraithe cultúrtha a ghlac páirt 7
Fíor 3: Foirm mheasúnaithe – Cén fhoirm ealaíne lenar bhain an seisiún scaoilte ar ghlac tú páirt ann? 17
Fíor 4: Foirm mheasúnaithe – Déan na gnéithe seo a leanas den imeacht a rátáil le do thoil 38

Aguisíní
Aguisín A: Liosta na dtoscairí óga 49
Aguisín B: Sceideal na nImeachtaí 51
Aguisín C: Plé sna ceardlanna 53
Aguisín D: Future Arts – Tuairisc maidir leis an bplé comhchéime 56
Aguisín E: Liosta na mball foirne agus na n-éascaitheoirí 58
Aguisín F: Foinsí 59

Maoiníodh Art-Youth-Culture: FYI le tacaíocht an Choimisiúin Eorpaigh. Is é dearcadh an údair amháin atá sa teachtaireacht seo, agus ní bheidh an Coimisiún freagrach ar bhealach ar bith as aon úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá le fáil inti.


Limerick as a BEACON
ARTS COUNCIL
* APPLY FOR SPACE IN SAME WAY AS GRANT
→ INFO NEEDS CENTRALISATION & CO-ORDINATION
* A.C. NEEDS CLEARER INFO ABOUT STRUCTURES
→ MANIFESTO OR ROAD-MAP FOR YOUTH SECTOR?
* APPROACH BUSINESS TO ARTS (B2A) ABOUT ISSUE
→ TAP THEIR NETWORK!
* APPROACH COMMUNITY ARTS CENTRES
* NEED SITE TO FACILITATE THE TRADING OF SPACES FOR ARTISTS - LIKE SITES SUCH AS "HALF A LOAF. IE" WHERE PEOPLE TRADE SKILLS LACK OF AVAILABILITY OF MONEY = TAKE MONEY OUT OF THE EQUATION
Freecycle for empty
- Databases of freespaces.
Green Tape for GO

CUID 1

ACHOIMRE AR AN bPRÓISEAS

1.1 Achoimre ar na hImeachtaí

Is éard a bhí in Art-Youth-Culture: FYI ná tionscnamh de chuid na Comhairle Ealaíon inar tugadh 60 daoine óga idir 15 bliana d'aois agus 25 bliain d'aois le chéile chun plé a dhéanamh lena bpiaraí agus le príomhdhéantóirí beartas faoina rannpháirtíocht sa saol cultúrtha agus sna healaíona. Rinneadh an méid sin i gceardlanna, i ndíospóireachtaí agus i gcruinnithe a bhí bunaithe ar na healaíona agus a bhí ar siúl ar feadh 3 lá. Ag baint úsáid as meáin ealaíonta éagsúla, lena n-áirítear ceol, téatar, scannán agus na hamharcealaíona, rinne na daoine óga cíoradh ar a gceart chun páirt a ghlacadh sa saol cultúrtha agus sna healaíona, mar atá cumhdaithe i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe. Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh agus Cúnant na Náisiún Aontaithe rr Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha. Rinne na daoine óga a dtaithí, a n-údar imní agus a smaointe a chomhroinnt le lucht déanta beartas agus leis na príomhsholáthraithe cultúrtha i rith sraithe de phléite comhchéime agus láithreoireachtaí ealaíonta a mhair ar feadh an lae. Rinne na rannpháirtithe óga cinneadh roimh ré maidir leis na téamaí agus na formáidí dóibh seo. Bhí an t-imeacht ar siúl ar feadh 3 lá i mBaile Átha Cliath. D'fhreastail 36 ionadaithe ó na príomhghníomhaireachta poiblí agus na ranna rialtais a mbíonn tionchar ag a gcuid gníomhaíochtaí ar an bpáirt a ghlacann daoine óga sna healaíona agus sa chultúr ar an imeacht.

Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh – Airteagal 31

1. Aithníonn Stát-Pháirtithe ceart an linbh scíth agus fóillíocht a bheith aige nó aici, a bheith páirteach in imeachtaí súgartha agus caitheamh aimsire atá oiriúnach dá (h)aois agus a bheith rannpháirteach sa saol cultúrtha agus sna healaíona.

2. Tabharfaidh Stát-Pháirtithe urraim do, agus cuirfidh siad chun cinn ceart an linbh a bheith iomlán rannpháirteach sa saol cultúrtha agus sna healaíona agus spreagfaidh siad soláthar do dheiseanna cuí agus comhionanna do ghníomhaíochtaí cultúrtha, ealaíon, caitheamh aimsire agus áineasa.

Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh – Airteagal 12

1. Cinnteoidh Stát-Pháirtithe go mbeidh fáil ag an leanbh ag a bhfuil an cumas a chuid tuairimí féin nó a cuid tuairimí féin a mhúnlú

Rinne Exchange Dublin, grúpa de dhaoine óga a bhíonn ag obair sna healaíona i gcomhar lena chéile, suíomh Gréasáin a dhearadh agus a bhainistiú go sonrach don imeacht seo mar chomhlánú ar na ceardlanna agus cruinnithe idirghníomhacha.

Is é an seoladh atá aige ná www.futurearts.ie. Baineadh úsáid as seo mar fhóram dinimiciúil le haghaidh smaointe na ndaoine óga, agus le taifead a choinneáil ar líne den imeacht agus den fhaisnéis is tábhachtaí a cruthaíodh. Léiríonn staitisticí Gréasáin gur seoladh isteach 75 aighneacht chuig www.futurearts.ie sa tréimhse roimh an imeacht agus díreach ina dhiaidh.

1.2 Próifíl na dtoscairí

Bhí 60 toscairí idir 15 agus 25 bliana d'aois as 14 chontae ar fud na hÉireann i láthair. Rinneadh taifead den aois a bhí ag 54 de na toscairí. Ina

measc siúd, bhí 23 duine idir 15-17 mbliana d'aois agus bhí 31 duine idir 18-25 bliana d'aois. Bhí 34 rannpháirtithe baineanna ann, agus 26 rannpháirtithe fireanna. Ina measc siúd a chuir faisnéis ar fáil faoina gcuid oideachais, bhí 20 duine acu ina ndaltaí meánscoile, ochtar acu san oideachas tríú leibhéal agus cúigear nach raibh i mbun oideachas lánaimseartha. Bhí sé de rogha ag na daoine óga clárú mar dhuine aonair nó mar chuid de ghrúpa. I measc na ngrúpaí a cláraíodh, thug ceithre chinn acu le fios go raibh a gcuid toscairí bunaithe i gceantar atá ainmnithe mar cheantar faoi mhíbhuntáiste, agus thug grúpa amháin le fios go raibh daoine óga ó chúlra eitneach nó cultúrtha mionlaigh mar chuid dá thoscairí.

I measc na dtoscairí bhí daoine óga ón bpobal bodhar, agus ionadaithe óga ó ghrúpa comhtháite ealaíon a théann i mbun dlúthoibre le daoine óga atá faoi mhíchumas. Bunaithe ar na foirmeacha clárúcháin a comhlíonadh, measadh go mbaineann míbhuntáiste de chineál éigean le níos mó ná 60% de na daoine óga a ghlac páirt, lena n-áirítear baic a bhaineann le cúinsí tíreolaíochta, sóisialta nó eacnamaíochta. Mar gheall ar an gcineál imeachta a bhí ann mealladh toscairí a raibh suim áirithe acu sna healaíona roimh ré – fuair siad amach faoin imeacht trí bheith rannpháirteach i ngrúpa ealaíon óige, nó bhí suim ar leith acu i bhfoirm ealaíne amháin nó níos mó mar dhuine aonair.

Tá liosta iomlán de na toscairí a ghlac páirt san imeacht le fáil in Aguisín A – Liosta de na toscairí óga.

Fíor 1: Foirm clárúcháin na dtoscairí:

Cén ceann díobh seo a leanas a thugann an cur síos is fearr ar d'áit chónaithe?

Baile Beag

Cathair

Ceantar Tuaithe



1.3 Liosta de na hionadaithe beartais agus soláthraithe cultúrtha

Chomh maith leis na toscairí óga, bhí 36 ionadaithe rannpháirteach san imeacht ó na príomhghníomhaireachta poiblí, institiúidí cultúrtha agus ranna rialtais a mbíonn tionchar ag a gcuid gníomhaíochtaí ar an bpáirt a ghlacann daoine óga sna healaíona agus sa saol cultúrtha. Leagtar amach liosta na n-ionadaithe agus a gcuid eagraíochtaí i bhFíor 2 thíos.

Fíor 2: Liosta de na hionadaithe beartais agus soláthraithe cultúrtha a ghlac páirt

Ainm	Teideal	Eagraíocht
Oonagh Desire	Stiúrthóir Forbartha	Amharclann na Mainistreach
Sorcha Tunney	Oifigeach Oideachais um Chearta	Amnesty International
Mary Cloake	Stiúrthóir	An Chomhairle Ealaíon
Orlaith McBride	Comhalta Comhairle Stiúrthóir	An Chomhairle Ealaíon Cumann Náisiúnta Drámaíochta na hÓige
Martin Drury	Stiúrthóir Ealaíon	An Chomhairle Ealaíon
Monica Corcoran	Ceann na nEalaíon Áitiúil	An Chomhairle Ealaíon
Justyna Chmielewska	Comhordaitheoir na nOibrithe Deonacha & Cúntóir Oideachais	Leabharlann Chester Beatty
Enrique Juncosa	Cathaoirleach Stiúrthóir	Comhairle na nInstitiúidí Cultúrtha Náisiúnta Áras Nua-Ealaíne na hÉireann
Leslie Ryan[1]	Oifigeach Oideachais agus For-rochtana	Comhairle Cheardaíochta na hÉireann
Emma Klemencic	Oifigeach Oideachais	Gailearaí Crawford
Amanda Geary	Cigire Iar-bhunscoile	An Roinn Oideachais agus Scileanna
Seamus Hempenstall	Príomhoifigeach, An Rannán Breisoideachais	An Roinn Oideachais agus Scileanna
Sabina O'Donnell	Leas-Phríomhoifigeach	An Roinn Turasóireachta, Cultúir
Anne Marie Lyons	Oifigeach Ealaíon Cheantar an Iarthuaiscirt	Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Maire Davey	Comhordaitheoir na nEalaíon don Óige	Comhairle Contae Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin
Valerie Bistany	Comhordaitheoir	Féile Flip Flop DLR
Alicia McGivern	Ceann Oideachais	Institiúid Scannán na Éireann
Helen O'Donoghue	Ceann Oideachais agus Clár Pobail	Áras Nua-Ealaíne na hÉireann
Pat O'Mahoney	Oifigeach Taighde Oideachais CGÉ	An Cumann Gairmoideachais in Éirinn
Eoghan Doyle[2]	Comhordaitheoir na nEalaíon don Óige	Comhairle Contae Chill Dara
Maire O'Higgins	Múinteoir	Coláiste Pobail Larkin
Aisling Roche	POF Gníomhach	Music Network
Derek West	Oifigeach Ealaíon agus Oideachais	Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha

1. Rinne Leslie Ryan ionadaíocht thar ceann Helen Murphy, Ceann Oideachais, Oiliúna agus Forbartha ag Comhairle Cheardaíochta na hÉireann.
2. Rinne Eoghan Doyle ionadaíocht thar ceann Lucina Russell, Cathaoirleach ar Chumann na nÚdarás Áitiúil.

Ainm	Teideal	Eagraíocht
Sarah Glennie	Stiúrthóir Ionadaí	Institiúid Scannán na Éireann An Feachtas Náisiúnta ar son na nEalaíon
Katie Wink	Bainisteoir *Learn and Explore*	An Ceoláras Náisiúnta
Lorraine Comer	Ceann Oideachais	Ard-Mhúsaem na hÉireann
Anne O'Gorman	Oifigeach Sinsearach na dTionscadal	Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann
Jane O'Hanlon	Oifigeach Oideachais	Éigse Éireann
David McKenna	Léiritheoir Feidhmiúcháin Thar na Meáin agus na hEalaíona	RTÉ
Pauline MacNamara	Clársceidealú do Dhaoine Óga	RTÉ
Victoria Durrer	Comhordaitheoir na nEalaíon don Óige	Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas
Regina Murphy	Stiúrthóir ar Oideachas Gairme/Stiúrthoir Feidhmeach ar Staidéir Iarchéime san Oideachas	Coláiste Phádraig, OÉ
Grainne Millar	Ceann na Forbartha Cultúrtha	Iontaobhas Cultúrtha Bharra an Teampaill
Eina McHugh	Stiúrthóir	The Ark, Ionad Cultúrtha do Leanaí
Michael McLoughlin	Oibrí in Ealaíona na nÓg	The Grainstore
Mary Mooty	Comhordaitheoir, Comhairle na nÓg	Coiste Gairmoideachais Chill Mhantáin
Niamh Geoghegan	Comhordaitheoir Clár	Ealaíona Uirbeacha na nÓg, Ealaíona

Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh – Airteagal 13

1. Beidh saoirse ag leanaí a dtuairimí a nochtadh, mar cheart; áireofar sa cheart seo an tsaoirse chun eolas agus smaointe de gach cineál a lorg, a fháil agus a dháileadh, beag beann ar theorainneacha, ó bhéal, i scríbhinn nó i gcló, i bhfoirm ealaíne, nó trí aon mheán eile a roghnaíonn an leanbh.

Cad iad na hEalaíona?

"Is rud craiceáilte é an cheist seo a chur.

Cuimsíonn na hEalaíona gach aon rud. Is é an t-aon difríocht idir an domhan agus na healaíona ná gurb é an domhan á scrúdú atá sna hEalaíona. Ní féidir leat a fhoghlaim cad iad na hEalaíona – ní mór duit taithí a fháil orthu. Gabhaigí i leith uaibh, a lucht déanta beartas músclaígí sibh féin agus faighigí taithí air." Rannpháirtí FYI

~~1.4 Modheolaíocht~~ agus príomhghníomhaíochtaí

Mhúnlaigh na príomheilimintí seo a leanas an t-imeacht trí lá:

- Thug ionadaithe beartais na Comhairle Ealaíon cúnamh maidir le comhthéacs a sholáthar do na toscairí ag tús an imeachta.
- Ghlac na daoine óga a bhí páirteach páirt i bpléite i ngrúpaí beaga ar feadh dhá lá a ndearna ealaíontóirí a bhí ina sain-éascaitheoirí éascú orthu.
- Leag na ceardlanna a bhí bunaithe ar na healaíona béim ar idirghníomhú, obair i ngrúpaí beaga agus léiriú ealaíonta na ndaoine óga. Chabhraigh siad seo leis na rannpháirtithe úinéireacht a ghlacadh ar an bpróiseas comhairliúcháin agus a gcuid smaointe a chur in iúl.

- Bhí cruinnithe idir daoine óga agus lucht déanta beartas ann ar an lá deiridh den imeacht. Rinne toscairí óga a ghlac róil ceannaireachta orthu go deonach éascú ar na pléite.
- Is pléite i ngrúpaí beaga a bhí i gceist le struchtúr na gcruinnithe agus bhíothas in ann leibhéal ard idirghníomhaíochta a bhaint amach idir na daoine óga agus lucht déanta beartas.
- Chomh maith leis na pléite i ngrúpaí, chuir na toscairí na smaointe agus na húdair imní a cruthaíodh le linn an imeachta i láthair ag baint úsáide as amharcealaíona, ceol, scannán, téatar agus damhsa. Leag na láithreoireachtaí seo béim ar an ról uathúil atá ag na healaíona le cur ar chumas na ndaoine óga a dtaithí agus a smaointe a chur in iúl.[3]

San iomlán, bhí próiseas saibhir idirghníomhach ann de thoradh ar struchtúr an chláir, agus dá bharr sin chuir na daoine óga a gcuid smaointe i láthair go dinimiciúil agus go samhlaíoch agus iad ag léiriú a n-údar imní.

Tugtar achoimre ar na gníomhaíochtaí thíos. Tá sceideal iomlán na n-imeachtaí ar fáil in Aguisín B.

Lá 1: Oscailt

Cuireadh tús leis an imeacht le forbhreathnú ar na beartais agus an soláthar reatha le haghaidh leanaí agus daoine óga i réimse an tsaoil chultúrtha agus na n-ealaíon. Ionadaithe beartais na Comhairle Ealaíon a chuir an forbhreathnú seo i láthair. Bhí ceardlann tosaigh ann ina dhiaidh sin inar tugadh cuireadh do na toscairí a dtaithí de na healaíona agus iad ag fás aníos in Éirinn a chomhroinnt, agus a n-ionchas don trí lá.

Laethanta 1 agus 2: Ceardlanna bunaithe ar ealaíona agus pléite i ngrúpaí beaga

Rinneadh na rannpháirtithe a roinnt ina gceithre ghrúpa scaoilte agus ghlac siad páirt i sraith de cheardlanna bunaithe ar na healaíona ar feadh dhá lá. Thug na ceardlanna seo sa cheol, amharcealaíona, téatar agus scannán deis do na rannpháirtithe scrúdú a dhéanamh ar théamaí a bhaineann go ginearálta le cearta daoine óga agus an taithí a bhí acu ar an saol cultúrtha agus ar na healaíona. Bhí ealaíontóirí a bhí ina sain-éascaitheoirí i gceannas ar na ceardlanna, a bhí thar a bheith idirghníomhach. Bhí meascán de ghníomhaíochtaí ealaíonta agus pléite i ngrúpaí i gceist, agus thug siad deis do na rannpháirtithe óga a gcuid smaointe a chur in iúl agus úinéireacht a ghlacadh ar an bpróiseas comhairliúcháin.

Laethanta 1 agus 2: Gníomhaíochtaí gaolmhara

I measc na ngníomhaíochtaí, bhí tráthnóna sóisialta a d'eagraigh baill óga de Canvas, clár ealaíon le daoine óga i gceannas air sa Grainstore i gCábán tSíle, le tacaíocht

3. Ní raibh damhsa ar cheann de na seisiúin scaoilte i rith an deireadh seachtaine. Chuir baill de Chompántas Damhsa Óige Bhaile Átha Cliath píosa dá gcuid oibre reatha a chur i láthair mar chuid

CRUINNIÚ IDIR DAOINE ÓGA AGUS LUCHT DÉANTA BEARTAS – 27-29 MÁRTA 201012

óChomhairle Contae Dhún Laoghaire Ráth an Dúin agus taispeántas scannán le daoine óga i gcomhar leis an Fresh Film Festival agus Institiúid Scannán na Éireann.

Lá 2: Comhroinnt smaointe idir ghrúpaí/pleanáil le haghaidh cruinnithe le lucht déanta beartas

Tar éis na sraithe de cheardlanna scaoilte, tháinig an grúpa iomlán toscairí le chéile chun na príomhúdair imní a mheas siad gur chóir béim a leagadh orthu sa phlé leis an lucht déanta beartas a bhí ag glacadh páirte a chomhroinnt. Chuimsigh an seisiún seo
láithreoireachtaí i ngrúpaí den saothar ealaíonta a cruthaíodh feadh na deireadh seachtaine, agus thángthas ar chomhaontú gur chóir an saothar ealaíonta seo a chur i láthair don lucht déanta beartas. Tugadh cuireadh do dhaoine óga a bheith ina n-éascaitheoirí le haghaidh pléite comhchéime le lucht déanta beartas an lá dar gcionn, agus bhuail na daoine sin a raibh suim acu é sin a dhéanamh le chéile ar feadh tamall gairid le hullmhú don obair sin.

Lá 3: Cruinnithe idir daoine óga agus lucht déanta beartas

Thosaigh an lá deiridh de Art-Youth-Culture: FYI le sraith de phléite comhchéime ar ghlac daoine óga, lucht déanta beartas agus soláthraithe cultúrtha páirt iontu. Thug na pléite seo deis don lucht déanta beartas agus do na soláthraithe cultúrtha faisnéis a chomhroinnt maidir leis na cineálacha clár a eagraíonn siad, agus le plé a dhéanamh ar an gcaoi a mbíonn daoine óga ag cabhrú chun na cláir sin a mhúnlú, nó conas go bhféadfaidís é sin a dhéanamh amach anseo.
Rinne daoine óga a ghlac róil ceannaireachta orthu go deonach éascú ar na pléite. Sa seisiún um thráthnóna, rinne na toscairí óga láithreoireachtaí maidir leis na príomhthéamaí agus na príomhsmaointe a tháinig chun cinn sa dá lá de cheardlanna. Rinneadh na smaointe seo a chomhroinnt ag úsáid na meán seo a leanas: ceol, amharcealaíona, téatar, scannán agus damhsa. Tar éis na láithreoireachtaí cruthaitheacha bhí plé neamhfhoirmiúil Spáis Oscailte idir na daoine óga agus lucht déanta beartas maidir leis na príomhthéamaí a d'aithin na toscairí le linn an imeachta. Arís bhí ionadaithe óga a bhí páirteach feadh na deireadh seachtaine agus a ghlac róil ceannaireachta orthu féin go deonach ar an lá deiridh i gceannas ar na sraitheanna pléite seo.

1.5 Rannpháirtíocht na ndaoine óga i ngach céim den tionscadal

An t-imeacht a phleanáil

D'fhreastail deichniúr daoine óga, lena n-áirítear baill de chúig ghrúpa ealaíon na n-óg (grúpa damhsa, téatair, amharcealaíona agus dhá ghrúpa ildisciplíneacha ealaíon san áireamh) ar an gCruinniú Oscailte pleanála sa Chomhairle Ealaíon roimh an imeacht, agus rinne siad ionchur luachmhar a chomhroinnt a úsáideadh mar bhuneolas do na

téamaí, don fhormáid agus do chur chuige foriomlán an imeachta.

Fostaíodh Exchange Dublin, grúpa de dhaoine óga a bhíonn ag obair sna healaíona i gcomhar lena chéile, chun an fóram Gréasáin ar líne a dhearadh. Shocraigh baill den ghrúpa seo ar ainm, leagan amach agus ar na ceisteanna is tábhachtaí le cur san áireamh san fhóram, i gcomhar le comhordaitheoir imeachta na Comhairle Ealaíon. Chuaigh na baill i mbun agallaimh le daoine óga eile maidir le roinnt de na príomhthéamaí chun plé a spreagadh.

Rinneadh iad seo a chomhroinnt le cainéal YouTube a bhí nasctha leis an bhfóram Gréasáin.

I rith an imeachta: Laethanta 1 agus 2

Rannpháirtíocht i gceardlanna: Le linn na ceardlanna ag an deireadh seachtaine, rinne na daoine óga smaointe a chomhroinnt ó bhéal agus tríd an bhfoirm ealaíne a roghnaigh siad i seisiúin scaoilte a éascaíodh. Chuaigh ceithre ghrúpa idir 10 agus 20 daoine óga i mbun oibre go dian thar an deireadh seachtaine chun ransú smaointe a dhéanamh agus cinneadh a dhéanamh faoi na príomhthéamaí le cur i láthair agus le plé le lucht déanta beartas ag na cruinnithe ar an Luan. Is ealaíontóirí gairmiúla a bhí sna héascaitheoirí le teist léirithe de bheith ag obair ar chomhthionscadail le daoine óga. Go foriomlán, ba cheardlanna thar a bheith idirghníomhach a bhí sna ceardlanna seo, ina raibh fíordheis ag na daoine óga an próiseas ceardlainne a mhúnlú, agus ar deireadh a bheith ina bhfoinsí eolais don phlé agus do na láithreoireachtaí ealaíonta a bhí ann ar an Luan le lucht déanta beartas.

Pleanáil don chruinniú le lucht déanta beartas: Tráthnóna Domhnaigh, rinne na daoine óga ó gach ceann den na seisiúin scaoilte a gcuid aiseolais a chomhroinnt lena chéile mar ghrúpa mór amháin. Ag an seisiún seo, ba léir:

- gur tháinig téamaí comónta chun cinn, a bhféadfaí iad a fhiosrú i rith na gcruinnithe ar an Luan;
- go ndearnadh na toscairí láithreoireachtaí cumhachtacha ealaíonta a fhorbairt sna hamharcealaíona, sa cheol agus sa téatar (tháinig ionchur an ghrúpa scannánaíochta chun solais an mhaidin dar gcionn nuair a bhí píosa ullamh a bhí curtha in eagar). Cuireadh roinnt de na príomhsmaointe a cruthaíodh in iúl leo seo, agus léirigh siad go soiléir an chaoi ar féidir smaointe daoine óga a chur in iúl go cruthaitheach cumhachtach ag baint úsáide as foirmeacha ealaíne agus meáin éagsúla. Thángthas ar chomhaontú gur chóir iad seo a chomhroinnt leis an lucht déanta beartas;
- go raibh fonn ar na daoine óga ceannaireacht a ghlacadh ar na cruinnithe ar an Luan, agus feidhmiú mar éascaitheoirí, chomh maith le láithreoireachtaí a dhéanamh agus a gcuid smaointe a phlé. Shocraigh seisear daoine óga feidhmiú mar éascaitheoirí go deonach do na pléite comhchéime maidin Dé Luain. Mhol roinnt daoine óga go mbeadh plé Spáis Oscailte ina fhormáid chuí do sheisiún an tráthnóna.

I rith an imeachta: Lá 3

Don seisiún maidin Dé Luain, aithníodh príomhcheisteanna roimh ré le go mbeadh lucht déanta beartas ullamh le smaointe ón tús. Thángthas ar chomhaontú ag an gCruinniú Pleanála Oscailte gurb é cruinniú comhchéime an fhormáid ab fhearr don phlé. Bhí ról gníomhach ag na daoine óga sa phlé seo ar na bealaí seo a leanas:

- Rinne duine óg, a roghnaigh a bheith ina (h)éascaitheoir go deonach tráthnóna Domhnaigh, éascú ar gach plé comhchéime. Níor chaith na baill de gach cruinniú comhchéime ach seal ag gach bord le go bhféadfaí raon de thuairimí a chomhroinnt, ach d'fhan na héascaitheoirí gan athrú agus thug siad aiseolas don ghrúpa iomlán ag an deireadh, bunaithe ar an tsraith de phléite a bhí ar siúl ag a mbord féin.

- Bhí na daoine óga an-ullamh chun páirt ghníomhach a ghlacadh sna pléite i ngrúpaí beaga, ós rud é gur chaith siad an deireadh seachtaine ag aithint na bpríomh-údar imní agus na bpríomh-údar spéise a bhí acu féin.

Fágadh an seisiún tráthnóna Dé Luain oscailte le go bhféadfadh na toscairí óga an fhormáid a mhúnlú. Bhí na láithreoireachtaí agus na príomhthéamaí a comhroinneadh agus a pléadh múnlaithe go hiomlán ag na daoine óga agus tháinig an grúpa ar chomhaontú maidir leis an bplé foriomlán (Spás Oscailte). Rinne beirt bhall de Exchange Dublin an fhormáid Spáis Oscailte a thabhairt i láthair agus rinne siad éascú air. Tá neart taithí ag an mbeirt seo a bheith i gceannas ar phléite den chineál sin ina ngrúpa féin de dhaoine óga a bhíonn ag obair i gcomhar lena chéile sna healaíona. Shocraigh na daoine óga a bhí i gceannas ar na pléite scaoilte laistigh den chruinniú Spáis Oscailte an cúram sin a ghlacadh orthu féin go deonach i rith shos am lóin Dé Luain.

Gníomhaíochtaí gaolmhara: Laethanta 1, 2 agus 3

Oíche Sathairn, d'eagraigh agus stiúir Canvas, grúpa ealaíon óige atá bunaithe sa Grainstore i gCábán tSíle, imeacht sóisialta le tacaíocht ó Chomhairle Contae Dhún Laoghaire Ráth an Dúin. I rith an imeachta rinne daoine óga ón Young Arts Cooperative (atá bunaithe i dTuaisceart Éireann) agus Exchange Dublin faisnéis a chomhroinnt maidir lena gcuid tionscadail agus leis na próisis a mbíonn daoine óga i gceannas orthu, atá lárnach dá gcuid gníomhaíochtaí. D'eagraigh an Young Arts Cooperative seomra dialainne físeáin agus tugadh cuireadh do na toscairí freagairtí ar cheisteanna a bhain le daoine óga agus na healaíona ar na póstaeir mhóra a bhí crochta ar na ballaí feadh na hoíche. Chuaigh baill den ghrúpa Canvas agus roinnt bannaí óga i mbun ceoil mar chuid de ghníomhaíochtaí na hoíche.

Tráthnóna Domhnaigh, cuireadh scannáin ar scáileán do na toscairí ar fad, i gcomhar leis an Fresh Film Festival agus Institiúid Scannán na Éireann. Roghnúchán de ghearrscannáin a chruthaigh daoine óga ó gach cearn den tír a bhí i gceist leis seo.

Bhí Sean Conroy, 15 bliana d'aois, ar bronnadh an gradam Scannánóir Óg Éireannach na Bliana air ag an Fresh Film Festival an tseachtain roimh an imeacht, i láthair don chur ar scáileán agus d'fhreagair sé ceisteanna ón lucht féachana maidir lena scannán.

Chuir baill de Chompántas Damhsa Óige Bhaile Átha Cliath píosa dá gcuid saothair i láthair mar chuid den láithreoireacht do na toscairí agus don lucht déanta beartas uile ar lá 3 den imeacht.

1.6 An méid a chuir lucht déanta beartas leis an tionscadal

- Eagraíodh sraith cruinnithe sa tréimhse roimh an imeacht seo a raibh baint ag na príomhbhaill foirne agus ag bainistíocht shinsearach na Comhairle Ealaíon leo, chomh maith leis na príomhchomhpháirtithe ó thaobh beartais de i gComhairle Náisiúnta Óige na hÉireann agus sa Chumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha. Bhí siad seo mar fhoinse eolais do na ceisteanna agus téamaí tosaigh a moladh do na toscairí óga. Ag na cruinnithe seo, aithníodh daoine tábhachtacha eile den lucht déanta beartas ó institiúidí agus ó ghníomhaireachtaí éagsúla ar chóir cuireadh a thabhairt dóibh a bheith i láthair.

- Ghlac triúr oifigeach ealaíon de chuid na n-údarás áitiúil, lena n-áirítear Cathaoirleach Chumann Oifigigh Ealaíon na Údarás Áitiúil, agus beirt chomhairleoirí beartais ón gComhairle Ealaíon (Ealaín Phoiblí agus Ealaín na nÓg) páirt sa Chruinniú Pleanála Oscailte roimh an imeacht.

- Tugadh cuireadh do Martin Drury, Stiúrthóir Ealaíon sa Chomhairle Ealaíon, agus do Orlaith McBride, comhalta den Chomhairle sa Chomhairle Ealaíon agus stiúrthóir Chumann Náisiúnta Drámaíochta na hÓige na ráitis tosaigh a thabhairt ag an seisiún tráthnóna Dé Sathairn, ag tabhairt an comhthéacs maidir le beartais ealaíon agus cultúrtha reatha agus soláthar do dhaoine óga.

- Tugadh cuireadh d'ionadaithe beartais a bheith i láthair ag an seisiún tosaigh tráthnóna Dé Sathairn, ag na pléite sna cruinnithe comhchéime maidin Dé Luain agus ag an seisiún aiseolais tráthnóna Dé Luain. Leagadh béim ar an seisiún tráthnóna Dé Luain mar an ghné ba shuntasaí den imeacht, ar chóir go mbeadh an chuid is mó den lucht déanta beartas i láthair aige, agus spreagadh na soláthraithe cultúrtha a bhfuil freagracht acu as beartais reatha a chur i bhfeidhm a bheith i láthair ag na seisiúin chomhchéime maidin Dé Luain.

Chomh maith leis na daoine príomhúla a rinne cur i láthair maidir le cúrsaí beartais tráthnóna Dé Sathairn, d'fhreastail cúigear den lucht déanta beartas ar an seisiún sin mar bhreathnóirí. Bhí 16 den lucht déanta beartas/soláthraithe cultúrtha i láthair ag na pléite comhchéime maidin Dé Luain agus bhí ról gníomhach acu ag labhairt faoina gcuid oibre reatha agus ag dul i mbun rannpháirtíochta le daoine óga maidir leis na príomhthéamaí. D'fhreastail 27 duine den lucht déanta beartas ar sheisiún an tráthnóna agus ghlac siad páirt i bpléite leis na toscairí óga mar fhreagairt ar na téamaí a chuir na daoine óga i láthair.


- Freecycle
- Databases of freespaces.
Light Alarms for Spaces.
Tap into Network for sponsorship OR Resources.
FOR ARTISTS -
PEOPLE TRADE SKILLS
T OF THE EQUATION
Accessibility.

CUID 2

TÉAMAÍ AGUS TEACHTAIREACHTAÍ A THÁINIG ANÍOS I ŋGACH CEARDLANN/SEISIÚN

2.1 An comhthéacs a thabhairt

2.1.1 Oscailt le hionadaithe na Comhairle Ealaíon

Thug ionadaithe na Comhairle Ealaíon Orlaith McBride (comhalta den Chomhairle) agus Martin Drury (Stiúrthóir Ealaíon) forbhreathnú ar an gcaoi a ndéantar soláthar, nó nach ndéantar soláthar, do rannpháirtíocht na ndaoine óga leis na healaíona in Éirinn i mbeartas reatha na Comhairle Ealaíon.

Léirigh Orlaith McBride sainchúram na Comhairle Ealaíon mar an eagraíocht stáit atá freagrach as forbairt agus cur chun cinn na n-ealaíon in Éirinn. Rinne sí cur síos ar an gcaoi ina gcuireann an rialtas maoiniú ar fáil don Chomhairle Ealaíon agus ina ndéanann an Chomhairle cinneadh ina dhiaidh sin faoin gcaoi ina gcaithfear an t-airgead sin. Leag sí béim ar an méid seo a leanas:

- Sa bhliain 2010, bhí buiséad de €68 milliún ag an gComhairle Ealaíon, agus déantar é seo a dháileadh ar na foirmeacha ealaíne éagsúla, cosúil le téatar, amharcealaíona agus damhsa. Téann 5% den bhuiséad reatha go díreach chuig réimse na ndaoine óga, leanaí agus na n-ealaíon. Dar leis an bPríomh-Oifig Staidrimh, tá 33% den daonra in Éirinn níos óige ná 25 bliana d'aois. An bhfuil sé ceart go bhfuil 5% den bhuiséad ealaíon ag dul do 33% den daonra?
- Is féidir le daoine óga a bheith fágtha gan ghuth, mar gheall nach gcaitheann tú vóta má tá tú níos óige ná 18 mbliana d'aois, agus más rud é go bhfuil tú fós i mbun oideachais nó nach bhfuil tú ag obair, ní íocann tú cánacha.
- Is mian linn fiosrú a dhéanamh ar na bealaí is féidir le daoine óga a bheith ina bhfoinsí eolais do bheartais. Tá sé tábhachtach a chinntiú go bhfuil do ghuth le cloisteáil.

Rinne Martin Drury cur síos ar an dóchas a bhí aige go gcuirfeadh an t-imeacht ar chumas daoine dul i mbun oibre le chéile, sult a bheith acu, a dtaithí a chomhroinnt agus smaoineamh a dhéanamh ar an méid a rinne an taithí sin a mhúnlú. Mhínigh sé gurb éard atá i gceist le hobair an lucht déanta beartas ná cinntí a dhéanamh faoin gcaoi a gcaithimid ár saol. Leag sé béim ar an taithí phearsanta atá ag gach duine ar an mbeartas, ag déanamh cur síos ar an gcaoi a raibh tionchar ag an mbeartas oideachais, mar shampla, ar shaol gach duine. Éillíonn an Rialtas ort dul ar scoil agus tú idir 5 agus 16 bliana d'aois. Is cuid den bheartas poiblí iad cinntí maidir cibé an ndéanfaidh tú Gaeilge a fhoghlaim nó nach ndéanfaidh, an bhéim a leagtar ar theangacha nó ar mhatamaitic agus líon na ndaoine i do rang. Thug sé samplaí eile de bheartais phoiblí, idir reachtaíocht comhionannais agus rialacháin

sláinte agus sábháilteachta nó comhshaoil.

Leagtar síos beartais áirithe go hidirnáisiúnta, cosúil le coinbhinsiúin agus cairteacha na Náisiún Aontaithe. Maidir leis an mbeartas ealaíon agus cultúrtha, rinne sé na pointí seo a leanas:

- Dearbhaíonn Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh go bhfuil an ceart ag gach duine faoi bhun 18 mbliana d'aois chun áineasa agus chun páirt a ghlacadh sa saol cultúrtha agus sna healaíona.

- Is é an chéad cheist mhór ná an bhfuil daoine óga ag fáil píosa sách mór den airgead (ag tagairt arís do phointe Orlaith McBride níos túisce maidir leis an gcéatadán den chaiteachas a chaitear ar dhaoine óga).

- Is é an dara ceist ná an bhfuil na téarmaí 'ealaíona agus cultúr' ag freagairt don taithí atá agat? Athraíonn na healaíona agus cultúr ó chéad go céad, agus anois le teicneolaíochtaí nua tá bealaí nua ar fáil chun ealaín a chruthú agus chun leas a bhaint as. Is rud tábhachtach é go dtuigfeadh lucht déanta beartas an taithí a bhíonn agat ar na healaíona.

- Tá réasúnaíocht ag baint le cearta agus teidlíochtaí na ndaoine óga – an fáth gur chóir go mbeadh éileamh ar leith acu ar an airgead a chuireann an rialtas ar fáil do na healaíona – agus seo a leanas é:

  1. Tugann **líon na ndaoine óga** in Éirinn le fios go bhfuil siad i dteideal céatadán suntasach den bhuiséad ealaíon náisiúnta a fháil.

  2. Is féidir le formhór na ndaoine fásta íoc as nuair a théann siad chuig amharclann, ceoláras, taispeántas srl, mar gheall go mbíonn ioncam neamhspleách acu. Ní bhíonn ag daoine óga, mar sin tá **dualgas eacnamaíochta** ann a thugann le fios go bhfuil cúnamh breise ag teastáil ó dhaoine óga.

  3. Bíonn tú 16 bliana d'aois uair amháin, agus choíche ina dhiaidh sin. Bíonn an rud céanna fíor agus tú 11 nó 14 bliana d'aois. Tá aois ag daoine óga ina mbíonn **forbairt** i gceist ann – tá do thaithí ag an aois sin ríthábhachtach do na blianta níos déanaí i do shaol. Mar sin is í an argóint atá ann ná go bhfuil sé tábhachtach go ndéanfadh an stát infheistíocht ionat. Beidh an cineál taithí a bheidh agat agus tú 15 - 19 mbliana d'aois ríthábhachtach don saol a bheidh agat mar dhuine fásta.

2.1.2 An cheardlann tosaigh – ionchais agus eispéiris

Ionchais

Bhí gníomhaíocht i gceist leis an gceardlann ina ndearna na rannpháirtithe an méid a raibh siad ag súil leis don deireadh seachtaine a chomhroinnt. Thug na hionchais a léirigh na rannpháirtithe (a taifeadadh ar nótaí *post it*) le fios gur tháinig toscairí áirithe le clár oibre ar leithligh a raibh siad ag iarradh go rachfaí i ngleic leis. Go sonrach, aithníodh an gá a bhí le trealamh agus áiseanna mar údar imní ag

an gcéim seo, chomh maith leis an uaillmhian chun go n-úsáidfí spásanna gan úsáid ar mhaithe le cuspóirí cruthaitheacha. Bhain uaillmhian eile le healaíona na n-óg ar bhealach níos ginearálta "Teacht suas le smaointe agus pleananna maithe indéanta inoibrithe chun ealaíona na n-óg a fheabhsú go mór agus go cloisfidh daoine fúthu agus b'fhéidir iad a chur i bhfeidhm i bplean gníomhaíochta" (Rannpháirtí FYI).

Do thoscairí eile, ba dheis a bhí san imeacht le bualadh le daoine nua, le foghlaim faoi na healaíona, agus le páirt a ghlacadh i gcúrsaí beartais go ginearálta. Chuir roinnt toscairí in iúl go raibh mian ghinearálta acu go gcloisfí a nguth:

"Le go gcloisfí mo thuairim agus mo smaointe agus go dtarlóidh rud éigin mar gheall orthu". "Le difríocht a dhéanamh agus le tuiscint a fháil ar a mbíonn ar siúl i gcloigeann na ndaoine fásta". Tacaíochtaí agus taithí phearsanta

Mar ghníomhaíocht eile, rinne na rannpháirtithe a gcuid suimeanna féin agus a dtaithí ar fhoirmeacha ealaíne éagsúla a rianú, agus d'aithin siad na tacaíochtaí agus na tionchair a raibh ról tábhachtach acu ag cabhrú leo rochtain a fháil ar na healaíona agus sult a bhaint astu. I measc na bhfreagairtí maidir leis na tacaíochtaí is tábhachtaí, bhí:

- Jabanna mo thuismitheoirí.
- Spreagadh ó mo mhuintir.
- Tacaíocht mhothúchánach agus airgeadais mo thuismitheoirí.
- Mo chairde.
- Lucht teagaisc i m'amharclann óige.
- Am a bheith agam.
- Spás chun obair a dhéanamh ann.

2.2 Ceardlanna ealaíon

Bhris na rannpháirtithe ina gceithre ghrúpa le freastal ar cheardlanna i gceann de cheithre fhoirm ealaíne: Amharcealaíona, Scannán, Ceol agus Drámaíocht. Bhí 10-20 rannpháirtithe i ngach grúpa, agus cuireadh sna grúpaí iad bunaithe ar na sainroghanna a shonraigh na rannpháirtithe. D'fhan na rannpháirtithe sna grúpaí céanna agus leis na héascaitheoirí céanna don tsraith seo de cheardlanna idirghníomhacha agus de phléite, agus rinne siad a gcuid smaointe a fhorbairt ag baint úsáide as príomhfhoirm ealaíne amháin. Tugtar achoimre thíos ar na ceisteanna a ardaíodh agus ar na smaointe a fiosraíodh i ngach ceann de na foirmeacha ealaíne.

Fíor 3: Foirm Mheasúnaithe

Cén fhoirm ealaíne lenar bhain an seisiún scaoilte ar ghlac tú páirt ann?



2.2.1 Ceol

Bhí Colm Quearney agus Ron Cooney ina n-éascaitheoirí ar na ceardlanna ceoil. Bhí gníomhaíochtaí ceoil agus uirlisí a sheinm le chéile i gceist leis na ceardlanna, chomh maith le pléite maidir le cúlraí ceoil agus ard-aidhmeanna na rannpháirtithe. Thuairiscigh na héascaitheoirí gur chabhraigh na gníomhaíochtaí ceoil leis na rannpháirtithe agus gur spreag siad iad chun iad féin a chur in iúl sna pléite.

Tháinig sé chun solais go ndearna na rannpháirtithe teagmháil lena dteagasc ceoil ar bhealaí éagsúla agus go raibh taithí éagsúil acu. Mhothaigh na rannpháirtithe go raibh easpa rochtana ar uirlisí agus ar theagasc. Mhothaigh siad gur chóir go gcuirfí teagasc ceoil ar fáil do gach duine sa tsochaí, ag úsáid na habairte, "Mura n-íocann tú, ní sheinneann tú". Bhí tionchar mór ag na tuairimí a léiríodh maidir leis an 'ádh' a bhaineann le hoideachas ceoil in Éirinn ar na héascaitheoirí – más rud é nach mbaineann tú le teaghlach ceolmhar, nó teaghlach a bhfuil sé d'acmhainn aige íoc as teagasc ceoil, is beag an seans go mbeidh deis agat forbairt ó thaobh an cheoil de. Tháinig sé chun solais freisin go raibh easpa rochtana ar fhaisnéis maidir leis na hacmhainní ceoil atá ar fáil do dhaoine óga.

Mar fhreagairt ar na dúshláin a aithníodh, leag na rannpháirtithe béim ar na réitigh mholta seo a leanas:

- Ba chóir go mbeadh daoine óga páirteach i dtaighde chun léarscáiliú a dhéanamh ar an oideachas ceoil i ngach contae – agus é mar aidhm leis é sin a sholáthar – i gcomhar le baill de Chomhairle na nÓg agus le hOifigigh Ealaíon áitiúla. (Ghlac roinnt ball de Chomhairle na nÓg Chill Mhantáin páirt sna ceardlanna ceoil, agus rinne siad faisnéis a chomhroinnt leis na baill eile dá ngrúpa maidir lena gComhairle.)
- Ba chóir plean éifeachtach le haghaidh teagasc ceoil saor in aisce a chur i bhfeidhm, le rochtain ar uirlisí ceoil. Ba chóir go ndéanfaí fógraíocht faoin bplean i gceart le cinntiú go bhfuil daoine óga ar an eolas faoi.
- Ba chóir suíomh Gréasáin a fhorbairt do cheoltóirí óga le fóram líonra sóisialta, liosta de na cláir cheoil atá ar fáil, agus rogha chun ballraíocht a ghlacadh ann.
- Go foriomlán, leagadh béim ar an ngá atá le cumarsáid a dhéanamh agus feasacht a mhúscailt faoi na cláir atá ar fáil.

Bhí na nithe seo a leanas i measc na nithe eile a tugadh faoi deara agus na moltaí eile a rinneadh:

- Ní mór nach mbeadh teagasc na n-uirlisí chomh speisialaithe, le go mbeidh deis ag daoine óga níos mó ná uirlis amháin a fhoghlaim.

- Múinteoirí cuairte a chur ar fáil le freastal ar bhunscoileanna agus ar mheánscoileanna (.i. grúpa de mhúinteoirí ceoil a théann ó scoil go scoil).

- Ba chóir nuashonrú a dhéanamh ar eolaire na múinteoirí Music Network [www.learnmusic.info] agus é a chur chun cinn.
- Ba cheart go mbeadh cúrsaí sa choláiste níos ábhartha, le go ndéanfaidh siad riachtanais na ndaoine óga a chomhlíonadh.
- Ba cheart feasacht a mhúscailt maidir leis na ranganna agus na cúrsaí coláiste atá ar fáil do dhaoine óga, m.sh. Rock School agus an tArd-Dioplóma Náisiúnta i gCeol Traidisiúnta na hÉireann i mBaile Formaid.
- "Ceolfhoirne Malartacha" a eagrú.

2.2.2 Scannán

Rinne ceathrar ionadaithe ón gcuideachta léiriúcháin, Macalla Teo, éascú ar na ceardlanna scannánaíochta. Chuaigh beirt éascaitheoirí óga, 18 agus 16 de bhlianta d'aois ó Fatima Mansions i mBaile Átha Cliath i mbun oibre le Macalla roimhe sin chun clár faisnéise a chruthú, ON THE BLOCK. Bronnadh gradam ar an gclár seo. Ba iad Bríd Ní Ghruagáin agus Katie Lincoln na héascaitheoirí eile. Le chéile, rinne an grúpa scannánaíochta an t-imeacht a dhoiciméadú, chomh maith le fiosrú a dhéanamh ar na téamaí mar rannpháirtithe ag an am céanna. Caitheadh go leor den am ag scannánú sa cheantar mórthimpeall ar Bharra an Teampaill, agus ag doiciméadú ghníomhaíochtaí na ngrúpaí a bhí ag plé leis na foirmeacha ealaíne eile. Chaith na rannpháirtithe seal faoi seach i mbun na ról mar cheamaradóir, innealtóir fuaime, agallóir, stiúrthóir agus stiúrthóir cúnta.

Bhain na príomhcheisteanna a d'eascair as na ceardlanna scannánaíochta le rochtain ar threalamh scannánaíochta agus 'spás' chun scannánaíocht a fhoghlaim. Níor úsáid an chuid is mó den ghrúpa ceamara ar chaighdeán craolacháin roimhe sin agus rinne siad cur síos ar an gcaoi nach mbíonn trealamh scannánaíochta ar fáil go héasca sa chóras scoile agus mar gheall ar riachtanais airgeadais agus aoise bíonn sé do-íoctha do dhaoine óga faoi 18 mbliana d'aois trealamh a fháil ar cíos. Dúirt na rannpháirtithe go mba mhór leo dá dtabharfaí an deis dóibh obair thurgnamhach a dhéanamh le trealamh scannánaíochta i dtimpeallacht gan strus agus saoirse a bheith acu botúin a dhéanamh, agus foghlaim ar an mbealach sin.
D'aithin siad go raibh easpa deiseanna ann do dhaoine óga a bheith rannpháirteach i scannánaíocht nó i dtionscadail chruthaitheacha eile laistigh dá bpobal, go háirithe taobh amuigh. Labhair na toscairí nach raibh bunaithe i mBaile Átha Cliath faoin easpa rochtana a bhí acu ar scannáin a fheiceáil, taobh amuigh dóibh sin a bhí ar fáil ag an bpictiúrlann áitiúil.

Rinneadh na moltaí seo a leanas:

- Ba chóir go mbeadh staidéir scannán níos sruthlínithe i scoileanna.

- Ba chóir féilte scannán a thabhairt isteach i scoileanna, ag tabhairt lá saor ón scoil do dhaltaí le scannáin neamhspleácha a fheiceáil.

- Maidir le rochtain le haghaidh daoine atá faoi mhíchumas, ba chóir cur síos fuaime agus fortheidil a dhéanamh agus scannáin á gcruthú agus ba cheart na nithe sin a chur ar fáil don lucht féachana. Ní mór do dhaoine atá faoi mhíchumas rochtain a fháil ar scannáin a dhéanamh freisin.

- Ba chóir rochtain a thabhairt do dhaoine óga ar fhoirgnimh fholmha timpeall na tíre chun scannáin, ealaín, ceol agus drámaíocht a dhéanamh. Ba chóir spásanna a chruthú ina mbíonn ceamaraí ar fáil do dhaoine le siúl isteach agus scannánaíocht a dhéanamh ar feadh lá amháin, le fáil amach cad a oibríonn agus cad nach n-oibríonn. Ba chóir lárionaid scannán a chruthú ar fud na tíre anois agus na spásanna ar fáil (seachas i gceann 5 bliana!).

- Cruthaigh suíomh Gréasáin le brandáil mhaith ina mbeidh daoine in ann teacht ar fhaisnéis faoin gcaoi le teacht ar raon iomlán d'acmhainní scannánaíochta.

Thug na héascaitheoirí faoi deara go raibh daoine óga ina ngrúpa a raibh a spéis i scannáin nó i bhfoirmeacha ealaíne eile aitheanta acu cheana féin (cé gur taithí nua a bhí ann do go leor acu scannánaíocht a dhéanamh). Mhothaigh siad go mbeadh sé úsáideach an taithí atá ag daoine óga nár aithin go raibh spéis acu sna healaíona a thaifeadadh. Thug an grúpa faoi roinnt agallamh le daoine nach raibh baint dhíreach acu san imeacht mar iarracht chun na tuairimí atá ag raon níos leithne de dhaoine óga a chur san áireamh, lena n-áirítear leanaí níos óige ná 15 bliana d'aois (bhí gach duine de na toscairí 15 bliana d'aois nó níos sine).

2.2.3 Amharcealaíona

Bhí Megs Morley agus Emma Haugh ina n-éascaitheoirí don ghrúpa seo. Is é an phríomhaidhm a bhí acu ná plé a dhéanamh ar na hábhair a raibh an bhaint is mó acu leis na toscairí, chun léarscáil físe a chruthú chun an plé seo a dhoiciméadú, agus freagairt an ghrúpa ar an léarscáil a éascú ag baint úsáide as na físealaíona. Ag teacht chun cinn ón bplé agus ón ngníomhaíocht léarscáilithe, shocraigh an grúpa ar a bpríomhghníomh taibhléirithe – idirghabhálacha amhairc a chruthú i spásanna folmha sa chathair. Bhí na gníomhartha sráide ar siúl i Margadh na Feirme. Baineadh úsáid as ardán cainte mar fhrapa taibhléirithe an ghrúpa, ag léiriú an 5% de mhaoiniú na Comhairle Ealaíon a cuireadh ar fáil do dhaoine óga. Rinne an grúpa a ghníomh sráide a dhoiciméadú le grianghraif agus le físeáin. Mar chuid den láithreoireacht don lucht déanta beartas, seinneadh taispeántas sleamhnán d'íomhánna ó ghníomhartha sráide an ghrúpa le saothar ceoil a chum an grúpa ceoil.

Is iad na toscairí a mhol an smaoineamh chun taibhléiriú a dhéanamh bunaithe ar ghníomhartha sráide, agus thug na héascaitheoirí faoi deara gur spreag an

moladh seo fuinneamh cruthaitheach agus muinín an ghrúpa go mór. Cosúil leis na foirmeacha ealaíne eile, thug na héascaitheoirí an ról cumhachtach a bhí ag an bhfoirm ealaíne mar uirlis éascaithe faoi deara. Shonraigh siad go raibh ardú muiníne sa ghrúpa dá bharr agus gur cruthaíodh fuinneamh chun gníomhartha a dhéanamh seachas díreach plé a dhéanamh.

Rinne an grúpa Amharcealaíona forbairt ar 'mheabhairmhapa' físe de na príomh-údair imní (féach Aguisín C). Pléadh na húdair imní seo a leanas:

- Measadh go raibh na spásanna folmha a bhí á bhfágáil gan úsáid ina réimse le féidearthachtaí móra agus ina réimse ar gá tuilleadh airde a dhíriú air. Mheas na toscairí gur chóir go mbeadh beartais ann le go mbeadh sé níos éasca ag daoine óga agus ag ealaíontóirí óga rochtain a fháil ar na spásanna seo agus iad a úsáid. Measadh nár chóir na spásanna seo a úsáid le haghaidh amharcealaíona amháin, ach mar ionad cruinnithe áit ar féidir leis na healaíona uile teacht le chéile. Tarraingíodh aird ar an leas eacnamaíochta atá ann d'fhorbróirí .i. tá sé níos fearr go mbeadh na soilse ar lasadh i bhfoirgneamh, seachas é a bheidh marbh dorcha. D'aithin na rannpháirtithe Creative Limerick mar shampla den Chomhairle áitiúil ag déanamh idirbheartaíochta le go mbeidh spás ar fáil d'ealaíontóirí.

- Bhíothas den tuairim go bhfuil tábhacht ag baint le rochtain ar fhaisnéis agus ar chomhairle, agus cumarsáid níos oscailte idir an Chomhairle Ealaíon, institiúidí gairmiúla ealaíon agus daoine óga.

- Go ginearálta leagadh béim ar an ngá atá le tacaíocht agus le cúnamh praiticiúil, seachas tacaíochtaí airgid.

- Ar scoil, bhíothas den tuairim nár leor an cúrsa Amharcealaíona don Ardteistiméireacht ar chor ar bith le daltaí a ullmhú le haghaidh coláiste ealaíne. Moladh measúnú punainne in ionad an scrúdaithe líníochta agus ceardaíochta. Bhí dearcadh ann gur rud dearfach atá ann go bhfuil an cúrsa don Teastas Sóisearach bunaithe ar thionscadal. Leagtar an bhéim ar phéintéireacht agus ar líníocht ar scoil áfach, agus ní dhéanann daltaí ach smaoineamh teoranta a fhorbairt de na hamharcealaíona. Measadh go gcaithfidh múinteoirí a bheith níos cruthaithí agus iad ag múineadh an churaclaim mar gheall go mbíonn sé deacair ar na daltaí más rud é go gcaithfidh siad dúshlán a thabhairt do na múinteoirí i gcónaí.

- Leagadh béim ar na dúshláin mhóra a bhaineann le taithí na ndaoine óga atá ag fás aníos i mbailte beaga. Dúirt rannpháirtí amháin: "Táim i mo chónaí i mbaile beag i nDún na nGall agus i mo thuairim níl na deiseanna céanna againn agus a bhíonn ag duine atá ina chónaí i gcathair nó i gceantar uirbeach. Sa cheantar ina bhfuilim, go bunúsach tagann deireadh leis an ealaín tar éis na scoile agus [níl aon] áit le dul nó aon rud le déanamh le tógáil ar an ealaín." I measc na ndúshlán a aithníodh le haghaidh daoine óga i gceantair tuaithe nó i mbailte beaga bhí easpa dánlann nó grúpaí agus iompar poiblí neamhdhóthanach.

Mar réitigh fhéideartha ar na ceisteanna a ardaíodh, phléigh an grúpa smaointe maidir le suíomh Gréasáin a bhunú ina ndéantar spásanna folmha ar fud na hÉireann a dhoiciméadú. Mhol siad ionad lárnach a chruthú i mBaile Átha Cliath agus timpeall na cathrach ina bhféadfaí freastal ar riachtanais ealaíonta éagsúla na ndaoine, áit go bhféadfá ceamara a thabhairt ar iasacht, nó sraith eagarthóireachta a úsáid, srl. Rinne an grúpa plé freisin maidir le hAontas Oibreoirí Ealaíne Óga a bhunú a bheadh ag obair ar son daoine óga.

Rinne an grúpa amharcealaíon póstaeir agus chuir siad iad ar taispeáint i bhfuinneoga a spáis ceardlainne (urlár na talún de FilmBase i mBarra an Teampaill) agus i spásanna as úsáid i lár na cathrach (go háirithe i Margadh na Feirme) mar chuid dá ngníomhaíocht sráide. Tugtar léiriú ar smaointe an ghrúpa in ábhair na bpóstaer agus tá siad san áireamh in Aguisín C.

Thug na héascaitheoirí faoi deara, bíodh is gur tugadh aird níos déanaí ar go leor de na ceisteanna a ardaíodh i rith na gcruinnithe le lucht déanta beartas, go raibh na pléite dírithe ar an méid a bhféadfadh daoine óga a dhéanamh chun na ceisteanna seo a réiteach. Cé go bhfuil sé soiléir gur rud ábhartha é seo, tugadh faoi deara go mbeadh sé cabhrach freisin do na toscairí a chloisteáil faoi na gníomhartha a d'fhéadfadh lucht déanta beartas a dhéanamh.

2.2.4Téatar

Bhí Liam Halligan agus Irma Grothuis ina n-éascaitheoirí ar an ngrúpa téatair. Bhí sé mar aidhm acu an tionchar a bhí ag an mbeartas ealaíon reatha ar shaol gach rannpháirtí a phlé agus díospóireacht a spreagadh maidir le forbairtí amach anseo.

Chuaigh siad i mbun gníomhaíochtaí éagsúla téatair, lena n-áirítear téamhanna fisiciúla, gutha agus gníomhaíochtaí dírithe airde chun timpeallacht a chruthú inar mhothaigh gach rannpháirtí go raibh siad gan strus, muiníneach, oscailte agus saoirse acu ceisteanna a chur. Rinne na rannpháirtithe seiftithe a fhorbairt ar na healaíona agus ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh agus bhí plé ina dhiaidh sin ar na ceisteanna a tháinig chun cinn. Rinne an grúpa cleachtadh ansin ar a bpríomhsmaointe a chomhroinnt le toscairí eile agus le lucht déanta beartas.

Seo a leanas na príomhphointí a phléigh an grúpa:

- Dearcadh i leith na n-ealaíon agus na ndaoine óga
  Mheas na rannpháirtithe go raibh easpa tuisceana ann maidir leis na healaíona. Breathnaítear ar na healaíona mar rud aonuaire agus eisiach, le haghaidh daoine eisdíritheacha amháin. Rinne siad cur síos ar dhrámaíocht mar rud a bhfuil spraoi ag baint leis ach atá in ann athrú mór a spreagadh. Is féidir leis an drámaíocht cur le do shláinte agus le do thaithí iomlán saoil mar gheall go gcabhraíonn sí leat fás mar dhuine.

Mheas na rannpháirtithe go bhfuil mídhearcadh den óige ann i measc lucht na gcumhachtaí: "Bítear ag caint linn amhail agus gur daoine simplí muid, ach tá níos mó ar eolas againn ná mar atá agaibh, agus ní le holc a deirim sin!". Mhothaigh siad nach bhfuil meas ag an rialtas ar dhaoine óga mar gheall nach bhfuil vóta acu.

- **Rochtain**

  Mhothaigh na rannpháirtithe gur chóir go mbeadh rochtain níos leithne ag daoine óga ar amharclanna na n-óg ar fud na tíre. Thug siad faoi deara nach mbíonn rogha eile in áiteanna áirithe le bheith rannpháirteach sna healaíona ach freastal ar scoileanna drámaíochta, agus bíonn costas mór ag baint leo sin uaireanta. Mhothaigh an grúpa gur chóir go mbeadh rochtain ag daoine ar na healaíona ar scoil, agus go háirithe ar dhrámaíocht ag an meánscoil. Mheas siad go bhfuil rochtain níos leithne ag teastáil ó dhaoine óga ar fhaisnéis maidir leis na healaíona i gcoitinne. Mhothaigh siad freisin gur chóir go mbeadh rochtain agus nochtadh níos fearr ar théatar gairmiúil, mar gheall go mbíonn ticéid áirithe costasach, rud a chiallaíonn go bhfuil sé eisiach go sóisialta agus go heacnamaíoch. Ar deireadh, mhol an grúpa gur chóir spásanna nach bhfuil in úsáid a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí drámaíochta nó ealaíon.

- **Oideachas**

  Chomh maith le trácht a dhéanamh ar an ról a bhíonn ag oideachas maidir le rochtain a chur ar fáil ar na healaíona, bhí na rannpháirtithe den tuairim go bhfuil gá le tuilleadh oiliúna d'aisteoirí gairmiúla, chomh maith le hoiliúint i bhfoirmeacha ealaíne eile in Éirinn. Phléigh siad an doiciméad 'Pointí Ailíniúcháin'. Mhothaigh siad gur chóir féachaint ar an doiciméad seo arís agus na moltaí atá ann a chur i bhfeidhm.

- **Úsáid an mhaoinithe**

  Mhothaigh na rannpháirtithe go raibh sé 'náireach' go raibh 5% den mhaoiniú á chur ar fáil do 33% den daonra. Mhothaigh siad go bhféadfadh grúpaí téatair úsáid níos fearr a bhaint as an maoiniú atá acu, agus go bhfuil gá le spreagadh a thabhairt d'amharclanna na n-óg atá níos lú.

I measc na moltaí eile, moladh:

- Úsáid níos fearr a bhaint as hallaí scoile agus spásanna poiblí.
- Gur chóir am díomhaoin in amharclanna a chur ar fáil go grúpaí óige, agus gur chóir forbairt a dhéanamh ar chláir for-rochtana téatair bhreise.
- Faisnéis a chur chun cinn/a sholáthar maidir le conas rochtain a fháil ar amharclanna na n-óg i do cheantar.

Chruthaigh an grúpa téatair taibhléiriú do na toscairí agus don lucht déanta beartas uile. Léigh na rannpháirtithe sleachta gearra as Coinbhinsiún um Chearta an Linbh na Náisiún Aontaithe ina dtaibhléiriú, agus nocht siad tuairimí agus breathnadóireachtaí i mbeagán focal faoin gcaoi a mbaineann an coinbhinsiún seo le hÉirinn.

Tá na nótaí le fáil in Aguisín C agus tugtar léargas breise iontu ar ábhar imní na dtoscairí agus tugtar achoimre ar na ceisteanna agus na réitigh a pléadh.

2.3 Plé comhchéime

Cuireadh ceist roimh ré ar lucht déanta beartas agus ar sholáthraithe cultúir a fuair cuireadh freastal ar an gcruinniú seo machnamh a dhéanamh ar an dá cheist seo a leanas:

Conas a dhéantar ionadaíocht ar dhaoine óga inár mbeartais, inár gcláir agus inár seirbhísí i láthair na huaire?

Conas is féidir le daoine óga tionchar a imirt ar thionscnaimh reatha nó ar thionscnaimh amach anseo a fhorbairt?

Bhí an dá cheist seo ar an bpointe tosaigh do gach plé comhchéime. I measc na n-aíonna beartais bhí ionadaithe ó chuid de na hinstitiúidí lárnacha, gníomhaireachtaí agus soláthraithe cultúir a imríonn ról i mbeartas agus i soláthar ealaíon agus cultúir. Chuaigh na daoine óga isteach i ngrúpaí de 10-15 duine agus bhog siad chuig boird éagsúla le linn an chruinnithe. Rinne plé 20 nóiméad ag gach bord. Bhí cúig chruinniú comhchéime san iomlán ann:

- Gníomhaireachtaí Rialtais agus Náisiúnta
- Oifigí Ealaíon na nÚdarás Áitiúil
- Institiúidí Cultúrtha Náisiúnta agus The Ark, Ionad Cultúrtha do Leanaí
- Institiúid Scannán na Éireann agus an Feachtas Náisiúnta ar son na nEalaíon
- Oideachas

Tugtar achoimre de na hionadaithe lenar bhuail na daoine óga i gcomhair gach cruinnithe chomhchéime, mar aon leis na príomhphointí a thug an t-éascaitheoir óg/an scríobhaí nótaí ag gach bord.

2.3.1 Cruinniú comhchéime 1: Gníomhaireachtaí Rialtais agus Náisiúnta

Bhuail daoine óga le hionadaithe ó na ranna agus na gníomhaireachtaí seo a leanas:

- An Roinn Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt
- Comhairle Náisiúnta na nÓg
- An Chomhairle Ealaíon, lena n-áirítear Pointe Teagmhála Cultúrtha an AE
- Léargas

I measc na bpointí a ardaíodh, bhí:

- Seachas maoiniú díreach, is éard a theastaíonn ó dhaoine óga ná spásanna, áiseanna agus líonraí a chuirfidh ar a gcumas scileanna a fhoghlaim agus a mhalartú.
- Ba chóir do ghrúpaí neamhfhoirmiúla daoine óga caidreamh a bheith acu le beartas – seachas na naisc a bheith trí institiúidí foirmiúla, amhail scoileanna, i gcónaí.
- B'fhiú aontas a chruthú idir ghrúpaí ealaíon óige neamhfhoirmiúla.
- Ní mór na healaíona a bheith comhtháite níos fearr san oideachas, seachas a bheith taobh amuigh de.

2.3.2 Cruinniú comhchéime 2: Oifigí Ealaíon na nÚdarás Áitiúil

Bhuail daoine óga le:

- Ceann na nEalaíon Áitiúil ag an gComhairle Ealaíon
- Ionadaithe ó cheithre oifig ealaíon de chuid na n-údarás áitiúil
- Ionadaithe ó dhá fhéile agus chlár ealaíon óige áitiúla

I measc na bpointí a ardaíodh, bhí:

- Is minic nach mbíonn an teanga a úsáidtear i mbeartais intuigthe ag daoine óga.
- Tá sé deacair do dhaoine óga fios a bheith acu cé hiad na daoine lárnacha a dhéanann na cinntí a mbíonn tionchar acu orthu.
- Ba cheart cumarsáid leanúnach a bheith ann idir daoine óga agus oifigigh ealaíon áitiúla.
- Ní mór an spás agus an tacaíocht a chur ar fáil do dhaoine óga chun a bheith bainteach le beartas.
- Nuair a théitear i gcomhairle le daoine óga, is fearr má bhíonn daoine óga ann dá ndeoin féin agus ar a dtéarmaí féin. Cé go bhfuil sé níos deacra tús a chur leis seo, tá sochair fhadtéarmacha ag baint leis.

2.3.3 Cruinniú comhchéime 3: Institiúidí Cultúrtha Náisiúnta agus The Ark, Ionad Cultúrtha do Leanaí

Bhuail daoine óga leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Ceann Oideachais nó oifigeach comhchosúil ó na hinstitiúidí seo a leanas:

- An Ceoláras Náisiúnta
- Ard-Mhúsaem na hÉireann
- The Ark, Ionad Cultúrtha do Leanaí **I**

measc na bpointí a ardaíodh, bhí:

- Rochtain: Ní mór cumhacht a bheith ag daoine óga i leith a dtimpeallachta. Ba chóir spásanna a reáchtáil go comhoibríoch, seachas *le haghaidh* daoine óga amháin.
- Ní thuigeann daoine óga cúrsaí beartais i gcónaí. Tá gá le cumarsáid níos solúbtha.
- Cheistigh an grúpa ar chóir dóibh iad féin a shainiú agus abhcóideacht a dhéanamh ar son a gceart mar 'dhaoine óga'. Cé gur cheap siad go bhféadfadh seo a bheith ina straitéis mhaith toscaireachta, d'aithin siad go mbaineann siad le pobal níos leithne.
- Is am maith é seo do dhaoine óga agus lucht déanta beartais teacht le chéile, agus beidh sé tábhachtach teacht le chéile arís.

2.3.4 Cruinniú comhchéime 4: Institiúid Scannán na Éireann / An Feachtas Náisiúnta ar son na nEalaíon

Bhuail daoine óga le Stiúrthóir agus Ceann Oideachais Institiúid Scannán na hÉireann. Tá an an Institiúid ina ball den Fheachtas Náisiúnta ar son na nEalaíon agus rinne sí ionadaíocht ar an bhFeachtas sa phlé seo.

Roinn na haíonna faisnéis maidir leis an Straitéis Náisiúnta Oideachais faoi Scannáin

a bhfuil taighde á dhéanamh uirthi ag an Institiúid i láthair na huaire, le tacaíocht ó Bhord Scannán na hÉireann agus ón gComhairle Ealaíon. Tá sé mar aidhm ag an straitéis seo scannáin a thabhairt chuig scoileanna agus daoine óga, agus d'fháilteodh an Institiúid roimh rannpháirtíocht dhaoine óga i bhforbairt na straitéise.

D'fhoghlaim toscairí gur fhorbair an Feachtas Náisiúnta ar son na nEalaíon as aitheantas i measc na ndaoine agus na n-eagraíochtaí in earnáil na n-ealaíon go bhfuil gá ann cás láidir a dhéanamh os comhair an rialtais le haghaidh mhaoiniú na n-ealaíon. Feictear an argóint eacnamaíoch do na healaíona – mar shampla, an méid a chuireann na healaíona le 'turasóireacht chultúrtha' agus an 'geilleagar cliste' – mar uirlisí brústocaireachta tábhachtacha. Níl daoine óga mar chuid den fheachtas seo fós, ach chuirfí fáilte rompu. Phléigh an grúpa an gá atá ann labhairt le Teachtaí Dála faoi thábhacht na n-ealaíon.

Tugadh faoi deara go bhfeictear daoine óga mar chuid de ghlúin youtube, ach ní fíor a rá gurb é seo an t-aon bhealach chun cumarsáid a dhéanamh le daoine óga.

Pléadh an gá atá le bonn reachtúil faoi dlí a thabhairt don fhortheidealú agus don chur síos béil.

2.3.5 Cruinniú comhchéime 5: Oideachas

Bhuail daoine óga le hionadaithe ó na heagraíochtaí seo a leanas:

- Éigse Éireann
- Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha
- Coláiste Pobail Larkin, Cathair Bhaile Átha Cliath

I measc na bpointí a ardaíodh, bhí:

- Níl glór ag daoine óga i sa bheartas oideachais. Is cúis imní é seo.
- Cé gur struchtúir thábhachtacha iad Dáil na nÓg agus Comhairlí na nÓg, ní bhaineann siad go sainiúil leis na healaíona.
- Uair na cinniúna atá ann don oideachas. Tá gá le cur chuige nua – 'ba chóir foghlaim trí na healaíona, seachas a scrúduithe péintéireachta a dhéanamh.'
- Tá míthuiscint ann go bhfuil daoine óga fuarchúiseach. Ina ainneoin sin, mhothaigh an lucht déanta beartais an-dearfach faoi na toscairí ag teacht chun cinn lena gcúiseanna imní a chur in iúl.

Bhí ionadaithe óga a bhainistigh an suíomh Gréasáin Future Arts ag breathnú agus ag tuairisciú ar na cineálacha éagsúla plé a bhí ar siúl idir daoine óga agus lucht déanta beartais. Tá a n-achoimre ar an bplé, a thugann tuilleadh léargais mar aon lena bhfuil le feiceáil san aiseolas thuas, ar fáil in Aguisín D.

2.4 An Seisiún Deiridh - Cruinniú Spáis Oscailte

Ba iad na hábhair a bhí i gceist sa tsraith dheiridh plé mar chuid den imeacht ná iad siúd a aithníodh mar ábhair suime nó imní a bhí coitianta sna laethanta roimhe sin. Ba iad sin:

- Spás – fíorúil/cruthaitheach/fisiciúil
- Rochtain – trealamh/áiseanna/deiseanna
- Oideachas

- Conas is féidir éisteacht le guth na ndaoine óga agus é sin a léiriú sa bheartas?
- Maoiniú 5% [leithdháileadh bhuiséad na Comhairle Ealaíon do leanaí agus do dhaoine óga]
- Cad a tharlaíonn anois?

Roinneadh an seomra i sé réimse ar leith, agus cuireadh gach ceann de na hábhair plé i réimse ar leith. Roghnaigh toscairí óga agus ionadaithe beartais cé acu plé ar mian leo freastal air trí theacht le chéile sa réimse áirithe sin. I stíl spáis oscailte, bhí deis ag gach rannpháirtí athrú go dtí grúpaí eile aon uair ba mhian leis/léi. Cuirtear achoimre de na pointí a ardaíodh ag gach plé ar fáil thíos.

2.4.1 Spás – fíorúil/cruthaitheach/fisiciúil

Bhuail grúpa ceithre thoscaire déag óga le:

- Stiúrthóir na Comhairle Ealaíon
- Ceann na Forbartha Cultúrtha ag Temple Bar Properties
- Comhordaitheoir na nEalaíon don Óige ag Comhairle Contae Chill Dara

Roinn na toscairí sa phlé seo go leor de na smaointe a gineadh sna ceardlanna amharcealaíona agus a ndearnadh cur síos orthu roimhe seo sa tuarascáil seo (Cuid 2.2.3). Cuireadh an easpa spáis do dhaoine óga chun taispeántais, cleachtaí nó ceardlanna a chur ar siúl i gcomparáid le líon na n-ionad miondíola folamh atá sa tír. Rinneadh argóint gur chóir na spásanna seo a mhapáil agus a chur ar fáil do dhaoine óga, le bealach ceart ar fáil dóibh chun a suimeanna a fhorbairt, agus a bpobail a fheabhsú. Ardaíodh na pointí seo a leanas:

- Ba chóir an tionscnamh 'Creative Limerick' a chur i bhfeidhm ar scála náisiúnta.
- Ba chóir spásanna cosúil le Exchange Dublin a éascú – ina bhféadfadh daoine óga bualadh lena chéile agus a bheith cruthaitheach.
- Tá an cumas ag spásanna i leabharlanna poiblí éascú a dhéanamh ar fhorbairt chruthaitheach dhaoine óga.
- Tá gá le comhlacht idirghabhálach ar féidir leis tacaíocht agus comhairle a chur ar fáil do ghrúpaí beaga agus d'ealaíontóirí níos óige.
  Ní mór do dhaoine óga fios a bheith acu cé leis ar féidir leo labhairt chun treoir agus tacaíocht a fháil. Moladh go mbeadh duine amháin ann, mar shampla Déan Cruthaitheach, chun ealaíon daoine óga a chur chun cinn.
- Bheadh sé úsáideach líonra teagmhála agus tacaíochta a chruthú do shaincheist spásanna cruthaitheacha le daoine óga. Bheadh sé tábhachtach freisin nasc a chruthú le grúpaí atá ann cheana féin atá i mbun feachtais chun spásanna folmha a úsáid.
- Ní mór do chomhlachtaí agus institiúidí rialtais éagsúla oibriú le chéile ionas nach mbeidh siad ag teacht salach ar a chéile.

- Moladh don Chomhairle Ealaíon dul i dteagmháil le NAMA chun féachaint an bhféadfaí úsáid a bhaint as réadmhaoin d'ealaíontóirí.

- Dúirt na toscairí gur chóir don Chomhairle Ealaíon cur lena feasacht ar dhomhan na n-ealaíon taobh istigh de scoileanna, coláistí agus spásanna arna rith ag ealaíontóirí.

2.4.2 **Rochtain** – trealamh/áiseanna/deiseanna

Bhuail grúpa ochtar toscairí óga le hionadaithe, lena n-áirítear Oifigigh Shinsearacha nó Feidhmiúcháin ó na grúpaí/eagraíochtaí seo a leanas:

- Music Network
- An Ceoláras Náisiúnta
- Ard-Mhúsaem na hÉireann
- Amharclann na Mainistreach
- Áras Nua-Ealaíne na hÉireann/an Chomhairle um Institiúidí Náisiúnta Cultúrtha
- RTÉ
- Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas

Phléigh an grúpa an rochtain a theastaíonn ó dhaoine óga orthu seo a leanas:

- Trealamh
- Áiseanna
- Teagasc agus cleachtas (ceol, go háirithe)

Ardaíodh ceist na rochtana do dhaoine óga nach raibh ag freastal ar an seimineár, agus do dhaoine óga nach bhfuil rannpháirteach sna healaíona faoi láthair.

Moladh na gníomhartha seo a leanas:

- Banc faisnéise ar líne a chruthú maidir le hacmhainní ealaíon do dhaoine óga. Chuirfeadh seo córas cumarsáide aontaithe ar fáil ionas gur féidir le daoine óga fáil amach faoi na grúpaí / na hacmhainní atá ann. Acmhainní reatha a chur chun cinn le haghaidh na ndaoine óna dteastaíonn siad trí chomhlacht aontaithe.

- Athbhreithniú a dhéanamh ar úsáid teanga - úsáidtear teanga chasta uaireanta i láthair na huaire chun eolas a chur ar fáil faoi na healaíona.

- 'Blaiseadh' a chur ar fáil de gach foirm ealaíne i mbunscoileanna agus tuilleadh gníomhaíochtaí for-rochtana a thabhairt isteach i scoileanna.

- Cumarsáid leanúnach a chothú idir daoine óga agus oifigigh ealaíon [áitiúla].

- Ní mór do lucht déanta beartas bealaí neamhinstitiúideacha a úsáid chun teagmháil a dhéanamh le daoine óga.

- Ba chóir go mbeadh sé ina ábhar beartais ag institiúidí cultúrtha agus d'eagraíochtaí ealaíon dul i gcomhairle le daoine óga – is ionann beartas agus

cumhacht.

2.4.3 Oideachas

Bhuail grúpa cúigear toscairí óga agus ceathrar ceannairí (lena n-áirítear éascaitheoirí ealaíontóirí ón imeacht) le hionadaithe, lena n-áirítear Oifigigh Shinsearacha, ó na heagraíochtaí/grúpaí seo a leanas:

- An Roinn Oideachais agus Scileanna
- An Cumann Gairmoideachais in Éirinn
- Gailearaí Crawford
- Comhairle Cheardaíochta na hÉireann
- Chomhairle Contae Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin
- Coláiste Pobail Larkin, Cathair Bhaile Átha Cliath

Pléadh réimse pointí. Tá na pointí seo eagraithe mar chatagóirí téamacha thíos.

Cruthaitheacht sa churaclam

D'aontaigh an grúpa nach gcabhraíonn córas oideachais na hÉireann le daoine óga forbairt go cruthaitheach. Ní chuireann scoileanna dóthain béime ar na healaíona – tá an curaclam bunaithe ar ábhair acadúla, agus tá gníomhartha seach-churaclaim dírithe ar spórt.

Ní chuirtear ach péintéireacht agus líníocht ar fáil mar ealaíon sna meánscoileanna, agus ní dhéantar aon soláthar i gcomhair foirmeacha ealaíne eile amhail téatar agus scannán. Tugadh faoi deara go bhfuil athbhreithniú déanta ar an gcuraclam ealaíne i meánscoileanna ach níl sé curtha i bhfeidhm. Luadh Blastbeat.org mar dhea-acmhainn chun ceol a fhorbairt i scoileanna. Tugadh faoi deara go bhfuil roghanna gairmoideachais san Ardteistiméireacht Fheidhmeach, ach nach bhfuil aon chosán ann chuig an tríú leibhéal.

Ba mhaith leis an ngrúpa bealach gairmoideachais a fheiceáil chun rochtain a fháil ar na healaíona ón dara leibhéal tríd go dtí an tríú leibhéal.

Cumhacht agus cruthaitheacht i scoileanna

Phléigh na grúpa an gá le caidrimh chruthaitheacha a fhorbairt le daoine óga i scoileanna ar leibhéal aonair. Is minic nach gcruthaíonn na daoine atá i gceannas, múinteoirí san áireamh, timpeallacht atá sách compordach do leanaí agus do dhaoine óga chun ceisteanna a chur. Ba chóir a n-ionchur do chláir oideachais múinteoirí a lorg ó dhaoine óga, chomh maith le healaíontóirí gairmiúla agus éascaitheoirí. Mothaíodh go raibh sé tábhachtach dúshlán a thabhairt do mhúinteoirí maidir lena suim agus a n-eolas faoi na healaíona agus measúnú a dhéanamh ar an tuiscint a bhí acu ar an tábhacht a bhaineann leis na healaíona do dhaoine óga. Moladh aontais [mic léinn] i scoileanna mar bhealach maith chun an méid a theastaíonn a phlé. Thug an grúpa faoi deara go gcuireann Comhairle na nÓg agus Dáil na nÓg ionadaíocht ar fáil do dhaoine óga, ach nach bhfuil siad dírithe ar na healaíona.

Measúnú i scoileanna

Déantar scrúdú ar na healaíona i scoileanna agus féachadh air seo mar chóras lochtach. Pléadh an tuairim "nach n-éireoidh leat i do scrúduithe mura bhfuil tú go maith ag tarraingt nó ag péintéireacht, fiú má tá tú an-chruthaitheach ar bhealaí eile". Moladh nár chóir féachaint ar fheabhas acadúil agus ealaíonta go leithleach. Ba chóir d'fhoghlaim chruthaitheach agus acadúil tarlú le chéile agus forbairt a chothú.

Ailíniú na n-ealaíon san oideachas

Tugadh faoi deara nach ndearnadh aon rud ón uair a foilsíodh Pointí Ailíniúcháin, Tuarascáil an Choiste Speisialta um na hEalaíona agus an Oideachas, in 2008. Ní raibh gach duine den lucht déanta beartais a bhí i láthair ar an eolas faoin doiciméad seo. Mhol siad siúd a bhí ar an eolas maidir leis gur chóir na moltaí atá ann a chur i bhfeidhm.

Moladh [comhpháirtíochtaí ealaíona áitiúla] mar bhealach amháin chun an méid atá ag tarlú i scoileanna a athrú. Pléadh an tábhacht a bhain le feasacht a ardú i scoileanna faoi na healaíona agus grúpaí ealaíon.

2.4.4 Conas is féidir éisteacht le guth na ndaoine óga agus é sin a léiriú sa bheartas?

Bhuail grúpa ochtar toscairí óga agus beirt cheannairí le hionadaithe, lena n-áirítear Oifigigh Shinsearacha, ó na grúpaí/eagraíochtaí seo a leanas:

- Léargas
- Coiste Gairmoideachais Chill Mhantáin
- Leabharlann Chester Beatty
- An Chomhairle Ealaíon/Cumann Náisiúnta Drámaíochta na hÓige

I measc na moltaí a d'ardaigh an grúpa seo, bhí an sprioc fhadtéarmach go mbeadh ionadaí óige ar an gComhairle Ealaíon, agus fochoiste óige leanúnach a dhéanfadh plé ar bheartas leis an gComhairle. Ba chóir ionadaithe ó fhoirmeacha ealaíne éagsúla a bheith ar an bhfochoiste óige chun comhionannas agus éifeachtacht a chinntiú.

Moladh gur chóir dul i gcomhairle le daoine óga ar leibhéal na n-údarás áitiúil, chomh maith leis an leibhéal náisiúnta.

Ba chóir go mbeadh cumarsáid fheabhsaithe idir eagraíochtaí a fhreastalaíonn ar dhaoine óga. Tá struchtúir reatha i bhfeidhm agus d'fhéadfaí comhordú níos fearr a dhéanamh orthu seo.

D'fhéadfadh fóram eile 'Future Arts', a chuirfeadh le hobair an imeachta seo, tuilleadh tionchair a imirt ar an gclár oibre.

Pléadh ról Léargas, ag a bhfuil maoiniú ar fáil chun cabhrú le daoine óga tionchar a imirt ar bheartas. Tarraingíodh aird ar an mbeartas óige tras-Eorpach atá á chur le chéile agus ar an ról atá ag daoine óga ina chruthú.

2.4.5 Maoiniú 5% / Dearcadh agus stádas na n-ealaíon agus daoine óga

Bhuail grúpa ochtar toscairí óga le hionadaithe ó na grúpaí/eagraíochtaí seo a leanas:

- Éigse Éireann
- Chomhairle Contae Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin

Tá sé soiléir go ndeachaigh leithdháileadh reatha chaiteachas na Comhairle Ealaíon do leanaí agus do dhaoine óga, a d'ardaigh ionadaithe na Comhairle Ealaíon ag tús an imeachta, go mór i bhfeidhm ar go leor de na toscairí óga, agus tháinig sé chun cinn mar théama leanúnach i rith na gceardlann.

D'ardaigh an grúpa seo an cheist faoin 95% eile, agus conas mar a chaitear é. Ceapadh go ginearálta go raibh an staitistic de 5% do leanaí agus do dhaoine óga míchothrom agus nár dhóthain é. De réir líon na ndaoine in Éirinn atá faoi 25 bliana d'aois, ríomh an grúpa gur timpeall €2.25 in aghaidh an duine óig, in aghaidh na bliana, atá i gceist leis an leithdháileadh maoinithe seo. Thug siad faoi deara nach léiríonn an méid seo na cearta agus na freagrachtaí atá rathaithe ag Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh. Ar an iomlán, mhothaigh an grúpa go gcaithfear an leithdháileadh maoinithe do leanaí agus do dhaoine óga a mhéadú. Ós rud é go bhfuil 33% de dhaonra na hÉireann faoi 25 bliana d'aois, ba chóir céatadán comhchosúil den bhuiséad a leithdháileadh ar a son. Ina theannta sin, níor chóir an córas a dhéanann measúnú ar iarratais ar dheontais a dhíríonn ar ealaíon ó leanaí agus ó dhaoine óga a phróiseáil ar an gcaoi chéanna le hiarratais a thagann ó

ghrúpaí le níos mó taithí.

2.4.6 Cad a tharlaíonn anois?

Bhuail grúpa cúigear toscairí óga le hionadaithe, Oifigigh Shinsearacha san áireamh, ó na grúpaí/eagraíochtaí seo a leanas:

- Comhairle Náisiúnta na nÓg
- Áras Nua-Ealaíne na hÉireann
- An Chomhairle Ealaíon
- Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha
- An Roinn Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt
- Ealaíona Uirbeacha na nÓg, Cathair Bhaile Átha Cliath

Mhothaigh an grúpa go raibh sé tábhachtach leanúint le fuinneamh an imeachta, agus fís shoiléir a bheith ann don todhchaí. Chabhródh cruinniú eile le daoine óga díriú ar an méid atá uathu.

Is tacaíocht agus spás is mó a theastaíonn ó dhaoine óga, agus dúirt na toscairí go bhfuil siad réidh agus sásta chun "cabhrú libh cabhrú linne" Cheistigh an grúpa an gcuirfeadh an Chomhairle Ealaíon a hainm le healaíontóirí óga nach bhfuil aithne orthu, agus dúirt siad go bhfuil daoine óga ann le smaointe maithe nach bhfuil éisteacht ar bith á fáil acu.

I measc na ngníomhartha a moladh, bhí na gníomhartha seo a leanas:

- Eolaire de na healaíona atá dírithe ar dhaoine óga a bhunú.
- Coiste comhairleach don óige a bhunú. Ba chóir go mbeadh líonrú ar siúl idir choistí comhairleacha éagsúla don óige - áitiúla agus náisiúnta - agus ba chóir dóibh seo nascadh le Léargas.
- Ba chóir go mbeadh sé ina choinníoll maoinithe go gcaithfí dul i gcomhairle le daoine óga.
- Ba chóir do dhaoine óga a bhfuil suim acu sna healaíona iarracht a dhéanamh tionchar a imirt ar Dháil na nÓg ós rud é gur ag Dáil na nÓg atá na naisc is láidre leis an Rialtas – trí Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige.
- Ba chóir don Chomhairle Ealaíon dul chuig NAMA le glór láidir.
- Feachtas láidir leis na meáin a fhorbairt.

Tar éis aiseolas a fháil ó gach grúpa sa spás oscailte, chuir Stiúrthóir na Comhairle Ealaíon deireadh leis an imeacht go foirmiúil agus ghlac sí buíochas leis na rannpháirtithe as ucht a gcuid ama agus a dtiomantais i rith na dtrí lá. Chríochnaigh an imeacht agus go leor toscairí óga sásta freastal ar sheisiún eile an 8 Bealtaine chun na comhráití a tosaíodh thar an deireadh seachtaine a fhorbairt níos mó.

2.5 Fóram ar líne Future Arts: www.futurearts.ie

Rinne Exchange Dublin, grúpa de dhaoine óga a bhíonn ag obair sna healaíona i gcomhar lena chéile, dearadh agus bainistiú ar an bhfóram ar líne, Future Arts, don imeacht FYI go sonrach. Bhí roinnt feidhmeanna ag an bhfóram seo:

- Roimh an imeacht FYI, d'fheidhmigh an fóram mar phointe tosaigh do phlé, ag lorg agus ag roinnt aighneachtaí scríofa agus físeáin. Chuir sé faisnéis phraiticiúil ar fáil faoin imeacht freisin, agus tugadh naisc chuig na beartais ábhartha ann.
- Rinneadh nuashonrú air i rith FYI maidir leis na gníomhartha agus na téamaí de réir mar a tháinig siad chun cinn (trí fhíseán, grianghraif, agus blag scríofa).
- Tar éis an imeachta FYI, chuir an fóram bealach ar fáil do na rannpháirtithe a bheith i dteagmháil lena chéile agus faisnéis a roinnt.

Seoladh isteach 75 aighneacht chuig an suíomh Gréasáin sa tréimhse roimh an imeacht agus díreach ina dhiaidh. Is féidir féachaint ar réimse snáitheanna plé, faisnéis, físeán agus íomhánna ón imeacht FYI, agus fógraí a eascraíonn as, ar an suíomh Gréasáin www.futurearts.ie. In athbhreithniú ar na hábhair plé i measc lucht úsáidte an fhóraim, léiríodh na saincheisteanna ábhartha seo a leanas:

Maoiniú i gcoinne tacaíochta agus faisnéise

I bplé le triúr rannpháirtithe - agus mar a bhí le feiceáil i gcuid de na físeáin ar an suíomh Gréasáin - cuireadh in iúl go láidir go bhfuil maoiniú tábhachtach, ach go bhfuil fíorghá le tuilleadh líonraithe, roinnt faisnéise agus cumarsáide.

Ní mór tacaíocht forbartha seachas maoiniú díreach le haghaidh tionscadal a chur ar fáil do dhaoine óga agus d'ealaíontóirí óga. "Tuilleadh faisnéise á roinnt – tuilleadh cumarsáide – tuilleadh cainte le tae – tuilleadh plé – tuilleadh fóram." (Is féidir an plé iomlán a fháil ag www.futurearts.ie faoin gceannteideal: *Amharcealaíona – an Chéad Phlé – Téamaí Lárnacha*.)

Easpa cruthaitheachta san oideachas foirmiúil

Thug plé le hochtar rannpháirtithe léargas ar an easpa cruthaitheachta atá le fáil acu siúd atá ag dul trí chóras oideachais na hÉireann. Thagair ráitis don easpa cruthaitheacha sa chaoi ina múintear gach ábhar, ó mhatamaitic agus fisic go ceol agus 'ealaíon'. Ábhar iontais amháin ná go bhfacthas gur éadóchas a chuirfeadh an dá ábhar sin, ceol agus ealaíon, ar dhaoine óga a raibh suim ar leith agus grá acu do na healaíona, mar gheall ar an gcaoi dholúbtha ina ndéantar iad a theagasc.

Mhothaigh rannpháirtithe gurb é an t-aon deis a bhí acu a gcruthaitheacht a fhorbairt ná taobh amuigh den scoil. (Is féidir an plé iomlán a fháil ag www.futurearts.ie faoin gceannteideal: *Oideachas, Cruthaitheacht agus Saol Cultúrtha*.)

Cearta agus rochtain ar na hEalaíona in Éirinn

Léirigh plé le beirt rannpháirtithe go bhfuil saibhreas gníomhaíochta ealaíon in Éirinn, ach go gcaitear dul sa tóir air. Ní mór tuilleadh aitheantais agus poiblíochta a bheith ann. (Is féidir an plé iomlán a fháil ag www.futurearts.ie faoin gceannteideal: *Cearta maidir le hEalaíona agus Cultúr*.)

Beartas agus cruthaitheacht

Chuir plé le beirt rannpháirtithe an bhreithniú seo a leanas ar fáil: ba chóir le beartas tacú le forbairt go leor cleachtas taobh istigh de na healaíona.
Ba cheart don bheartas a bheith ann chun tacú leat nuair a chinneann tú rud nua a dhéanamh. Níor chóir dó a bheith ann d'institiúidí nó d'ealaíontóirí fadbhunaithe amháin. "Ceapaim nach mór don Chomhairle Ealaíon suí síos go rialta le grúpa daoine óga atá bainteach leis na healaíona agus féachaint ar an mbeartas go rialta lena cinntiú go bhfuil sé ag freastal ar an speictream leathan cleachtas in Éirinn." (Is féidir an plé iomlán a fháil ag www.futurearts.ie faoin gceannteideal: *Beartas – an féidir cultúr a phleanáil?*)

ARTS COUNCIL

* APPLY FOR SPACE IN SAME WAY AS GRANT
  → INFO NEEDS CENTRALISATION & CO-ORDINATION

* A.C. NEEDS CLEARER INFO ABOUT STRUCTURES
  → MANIFESTO OR ROAD-MAP FOR YOUTH SECTOR?

* APPROACH BUSINESS TO ARTS (B2A) ABOUT ISSUE
  → TAP THEIR NETWORK!

* APPROACH COMMUNITY ARTS CENTRES

* WEBSITE TO FACILITATE THE TRADING OF SPACES FOR ARTISTS
  LIKE SITES SUCH AS "HALF A LOAF.IE" WHERE PEOPLE TRADE
  LACK OF AVAILABILITY OF MONEY = TAKE MONEY OUT OF THE EQU

CUID 3
MEASÚNÚ AGUS TORTHAÍ

3.1 Aiseolas agus measúnú

Iarradh ar gach rannpháirtí foirm luachála a chomhlánú ar an lá deiridh den imeacht FYI. Chomhlánaigh 46 toscaire óg (75% den líon iomlán toscairí óga) foirmeacha agus thug siad ar ais iad. Rinne 18 duine den lucht déanta beartas (50% den lucht déanta beartas) an rud céanna. Tá torthaí lárnacha na bhfoirmeacha luachála leagtha amach thíos. Seoladh ríomhphost chuig an lucht déanta beartas sé seachtaine tar éis an imeachta agus tá achoimre ar a bhfreagraí tugtha in 3.1.3 thíos.

3.1.1 Aiseolas ó thoscairí óga

Bhí an méid sonraí a tugadh sna freagraí scríofa a thug na daoine óga ar a bhfoirmeacha luachála an-mhaith agus léiríodh iontu gur mhothaigh na daoine óga dearfach faoi chur chuige foriomlán an imeachta agus gur mhothaigh siad go láidir faoi na saincheisteanna a ardaíodh. Bhí na daoine óga go mór ar son páirt forghníomhach a ghlacadh i gcinntiú go gcloistear a nglórtha sna beartais ealaíon agus cultúir amach anseo.

Tógadh na sleachta seo a leanas ón aiseolas a thugtar ar fhoirmeacha luachála na dtoscairí óga:

> *"Is é seo an t-aon deis a fuair mé chun labhairt faoi na ceisteanna seo agus má chuirtear deireadh leis, is dóigh gurb é an t-aon deis amháin a bheidh ann. Chas mé le go leor cairde nua a bhfuil suim acu sna rudaí céanna liom féin, agus fuair mé an deis rudaí nua a dhéanamh nach mbeadh deis faighte agam a dhéanamh in aon áit eile."* (Toscaire óg, 15-17 bliana d'aois).

> *"Ba mhór liom an imeacht seo, ceapaim gur an-phlean a bhí ann. An t-aon rud a d'iarrfainn ná go dtabharfadh an té a léann na foirmeacha seo aird ar an méid atá á iarraidh iontu. Níl aon ghlór ar chor ar bith ag ealaíontóirí óga agus tabharfar níos mó airde ar ghlaoch ar spás ó chomhairleoir ná ceann ó mhac léinn óg ealaíon. Spás? Le bhur dtoil? Go raibh maith agaibh."* (Toscaire óg, 18-23 bliana d'aois)

> *"Tá mé an-bhuíoch as an deireadh seachtaine agus creidim go bhfuil dul chun cinn déanta againn. Tá tús curtha le rudaí. Buíochas leis na héascaitheoirí agus gach duine eile a bhí páirteach ann. Tá sé i gceist agam a bheith díocasach faoina bhfuil pléite againn, agus táim ag súil leis an todhchaí go bhféadfaimis a chruthú."* (Toscaire óg, 18-23 bliana d'aois)

> *"Imeachtaí mar seo sa todhchaí, níos lú b'fhéidir, ach i bhfad níos minice. Ní mór dó a bheith ina chomhrá leanúnach, seachas ina imeacht aonuaire. Bheadh áthas orm dá dtiocfadh athruithe beartais chun cinn mar thoradh air seo, seachas é a bheith ina staitistic taighde eile don rialtas."* (Toscaire óg, 18-23 bliana d'aois)

"Deireadh seachtaine den scoth. Eagrú an-mhaith. Toradh maith ag teacht as (cruinniú eile i mBealtaine) = d'éirigh linn! Go raibh míle, míle maith agaibh." (Toscaire óg, 18-23 bliana d'aois)

Thug formhór na dtoscairí léirmheas dearfach ar gach gné den imeacht, leis an léirmheas is fearr á fháil ag na ceardlanna scaoilte, an fhoireann oibre agus na héascaitheoirí, an seisiún tráthnóna leis an lucht déanta beartas agus léiriú scannáin ag daoine óga i gcomhar le hInstitiúid Scannán na hÉireann agus Fresh Film Festival.

Dúirt beagnach gach toscaire a chomhlánaigh foirmeacha

- Gur fhoghlaim siad rudaí nua;
- Gur fhorbair siad smaointe nua;
- Gur chas siad le daoine nua;
- Gur roinn siad a smaointe lena gcomhaoisigh agus le lucht déanta beartas;
- Agus gur bhain siad sásamh as.

Fíor 4 (i): Foirm Mheasúnaithe (Toscairí óga)

Déan na gníomhartha seo a leanas a rátáil le do thoil

Seisiún Tosaigh



Seisiúin Scaoilte Ceardlainne



Tráthnóna ag an Grainstore



Léiriú ag an IFI



Fíor 4 (ii): Foirm Mheasúnaithe (Toscairí óga) *Déan na gnéithe seo a leanas den imeacht a rátáil le do thoil*

Lóistín



Foireann/Éascaitheoirí



3.1.2 Aiseolas curtha le chéile – daoine óga agus lucht déanta beartas

Chuir 96% de na daoine óga agus an lucht déanta beartas go léir in iúl ina bhfoirmeacha measúnaithe go raibh sé i gceist acu an fhaisnéis a d'fhoghlaim siad a roinnt le daoine eile tar éis an imeachta. Chuir 78% de na daoine óga agus an lucht déanta beartas go léir in iúl go raibh sé i gceist acu bearta nó gníomhartha leantacha a dhéanamh.

Chuir 83% de na daoine óga in iúl go ndéanfaidís machnamh ar iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú le haghaidh a dtionscnamh féin trí chlár An Óige i mbun Gnímh de chuid an AE. Chuir 86% den lucht déanta beartas in iúl freisin go ndéanfaidís machnamh ar iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú trí chlár An Óige i mbun Gnímh de chuid an AE.

Dúirt na rannpháirtithe ar fad a chomhlánaigh foirmeacha measúnaithe gur bhraith siad gur chóir don Chomhairle Ealaíon imeachtaí dá samhail a reáchtáil amach anseo, agus chuir formhór mór na rannpháirtithe (an lucht déanta beartas go léir agus 96% de na daoine óga) in iúl go mbeadh suim acu a bheith ar áireamh i dtionscnaimh amach anseo.

Fíor 4 (iii): Foirm Mheasúnaithe (Toscairí óga)

Cruinniú Beartais - Seisiún Maidine



Cruinniú Beartais - Seisiún Tráthnóna



3.1.3 Aiseolas breise ó lucht déanta beartas

Chomh maith leis an aiseolas a iarradh ar lucht déanta beartas a thabhairt sna foirmeacha measúnaithe an lá deireanach den imeacht, cuireadh r-phost breise chuig na haíonna beartais ar fad sé seachtaine tar éis an imeachta, inar cuireadh an cheist seo a leanas orthu:

An raibh tionchar, nó an measann tú go mbeidh tionchar ag an bpáirt a ghlac tú san imeacht Art-Youth-Culture:FYI ar aon cheann de na réimsí seo a leanas de do chuid oibre féin, nó d'obair níos leithne do roinne/gníomhaireachta/eagraíochta/institiúide:

- Beartais amach anseo a cheapadh maidir leis an saol cultúrtha agus leis na healaíona

- Beartais reatha a chur i bhfeidhm maidir leis an saol cultúrtha agus leis na healaíona - An tslí ina dtéann tú i gcaidreamh nó i gcomhairle le daoine óga

- An tuiscint atá agat ar an tslí ina gcuireann daoine óga leis na healaíona agus leis an saol cultúrtha - Gnéithe eile de do chuid oibre

Cuireadh in iúl sna freagraí gur bhraith an lucht déanta beartas gur rud spreagúil a bhí i gcruthaitheacht agus i bhfuinneamh na ndaoine óga maidir lena gcuid smaointe a chur in iúl. Leagadh béim san imeacht ar an tábhacht a bhaineann le héisteacht le tuairimí daoine óga, ar chumhacht na n-ealaíon mar shlí chun meon daoine óga a thuiscint, agus ar an ngá le chinntiú go mbíonn cead cainte ag daoine óga i mbeartais agus i gcláir chultúrtha agus ealaíon.

Mheas roinnt ionadaithe gur shampla dearfach de dhul i gcomhairle le daoine óga, éisteacht leo agus cumhacht a aistriú chucu a bhí san imeacht. D'ardaigh daoine eile an t-ábhar imní nach ndearnadh ionadaíocht ar son rannpháirtithe níos óige (go sonrach san aoisghrúpa 12 bhliain - 15 mbliana) ag an imeacht, agus go mb'fhéidir nach ndéanann an muinín a léirigh an aoisghrúpa níos sine, agus na ceisteanna a ardaíodh, taithí daoine óga i raon iomlán na suíomhanna ealaíon don óige a léiriú.

Chuir freagraí amháin in iúl go raibh aiféala air/uirthi nach raibh dóthain ama ag a eagraíocht cabhrú níos mó leis an imeacht a phleanáil. Dá mbeadh tuilleadh ama acu bheidís in ann níos mó acmhainní a chur ar fáil chun cabhrú le cúrsaí for-rochtana agus iad ag ullmhú don imeacht agus le réimsí eile.

Dúirt freagraí eile go raibh an t-imeacht úsáideach mar "ceapach síl" ina bhféadfaí smaointe a ghiniúint, ach nach gcruthaítear moltaí nithiúla faoi athruithe i bplé spáis oscailte, mar gheall ar an saghas imeachta é. Dealraíonn sé gurb é sin an taithí fhoriomlán a bhí ag lucht déanta beartas. Cuireadh in iúl sna freagraí go bhfuair siad deis san imeacht díriú ar a gcleachtais reatha agus tuiscint níos fearr a fháil ar rannpháirtíocht daoine óga sna healaíona, ach nár cuireadh tús le haon fhorbairtí beartais ná tionscnaimh bheartais nua dá bharr.

Rinne lucht déanta beartas roinnt bearta nithiúla a lean ón imeacht sin agus tá cur síos orthu i gCuid 3.3.2 thíos.

3.2 Teorainneacha

Thug roinnt mhaith de na rannpháirtithe, éascaitheoirí agus den lucht déanta beartas faoi deara ina bhfoirmeacha aiseolais agus ina gcomhfhreagras scríofa gurbh fhiú ionadaíocht níos leithne a bheith ag daoine óga ag an imeacht i dtéarmaí cúlra sóisialta, geografach agus cultúrtha.

Ina theannta sin, bheadh sé úsáideach tuairimí a chloisteáil ó dhaoine nár chuir in iúl go raibh suim acu sna healaíona roimhe sin. Go mór mór, moladh gurbh fhiú ionchur a lorg ó dhaoine idir 12 bhliain agus 15 mbliana d'aois, agus ionadaíocht níos fearr a bheith ag daoine óga faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch ó thaobh cúlra de a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí ealaíona na n-óg.

Mhol éascaitheoirí go bhféadfadh an lucht déanta beartas a bhí ann leas a bhaint as páirt a ghlacadh i gceardlann (a d'fhéadfadh a bheith bunaithe ar fhoirm ealaíne) chun a bpríomhsmaointe i dtaobh daoine óga a ghiniúint roimh na cruinnithe – agus go bhféadfadh sé sin tuilleadh smaointe a spreagadh maidir le beart a dhéanamh ar thaobh lucht déanta beartas.

3.3 Torthaí

3.3.1 Forbairt Beartais na Comhairle Ealaíon

Ba cheann de na príomhsmaointe a ardaíodh ag FYI ná coiste comhairleach óige i leith na Comhairle Ealaíon a bhunú chun ionchur leanúnach i gcinnteoireacht na Comhairle Ealaíon a sholáthar. Mar fhreagairt tosaigh don smaoineamh sin, go gairid i ndiaidh an imeachta, thug an fhoireann um Dhaoine Óga, Leanaí agus Oideachas cuireadh do bheirt ionadaithe óga a bhfuil taithí dhíreach acu ar ghníomhaíochtaí ealaíona na n-óg, páirt a ghlacadh i bpainéal measúnaithe do Scéim Ensembles na nÓg de chuid na Comhairle Ealaíon. Ba ionann na hionadaithe sin agus 50% den phainéal ar a raibh ceathrar ball. Ceapadh an painéal chun moltaí a dhéanamh maidir le hacmhainní a leithdháileadh ar ghníomhaíochtaí ealaíona na n-óg in Éirinn trí Scéim Ensembles na nÓg, 2010.

Tá freagairt na foirne um Dhaoine Óga, Leanaí agus Oideachas de chuid na Comhairle Ealaíon do na saincheisteanna a ardaíodh le linn an imeachta leagtha amach i gCuid 4 thíos, agus tá mionsonraí tugtha faoi ghníomhartha a d'fhéadfaí a dhéanamh maidir le straitéisí oibre amach anseo i réimse ealaíona na n-óg.

3.3.2 Gníomhartha leantacha na Comhairle Ealaíon agus na gcomhpháirtithe straitéiseacha

I ndiaidh an imeachta FYI, thug Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann cuireadh don Chomhairle Ealaíon cur i láthair a dhéanamh maidir leis an tionscnamh ag cruinniú ealaíona na n-óg i mBéal Feirste. Bhí an Ceann Daoine Óga, Leanaí agus Oideachas i láthair, in éineacht le toscaire óg FYI as Tuaisceart Éireann agus beirt toscairí ó Phoblacht na hÉireann. Rinne siad cur síos ar an bpáirt a ghlac siad in imeacht FYI agus ar na torthaí i dtéarmaí na tacaíochta a thugann siad féin go leanúnach maidir le cearta daoine óga páirt a ghlacadh sa saol cultúrtha agus sna healaíona.

Tar éis an imeachta, scríobh stiúrthóir na Comhairle Ealaíon chuig an

nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (NAMA) agus leag sí amach pointí a ardaíodh ag FYI faoi fhoirgnimh fholmha a úsáid le haghaidh ealaíontóirí. D'fhreagair NAMA agus dúirt nach bhfuil sé faoin chúram na gníomhaireachta úsáid na bhfoirgneamh a chinneadh, ach go bhfuil sí tar éis na ceisteanna a ardaíodh a thabhairt dá haire.

Ghlac stiúrthóir Institiúid Scannán na Éireann agus an Ceann Oideachais araon páirt in imeacht FYI. Rinne siad teagmháil leis na toscairí FYI ar fad chun a n-ionchur a lorg maidir le straitéis náisiúnta chun oideachas scannán a fhorbairt, i ngníomh a lean ón imeacht.

Chuir dhá oifig ealaíon de chuid na n-údarás áitiúil (Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas agus Comhairle Contae Chill Dara) faisnéis ar an suíomh Gréasáin Future Arts faoina gcláir ealaíon don óige agus ionchur á lorg acu ó dhaoine óga maidir lena mbeartais agus a gcláir ealaíona don óige a fhorbairt.

Táthar ag súil, de bharr fhoilsiú na tuarascála seo, go mbeidh réimse níos leithne comhpháirtithe in ann scagadh a dhéanamh ar conas a d'fhéadfadh na ceisteanna agus na hábhair imní a d'ardaigh na toscairí óga, agus na torthaí foriomlána ón imeacht sin, tionchar a bheith acu ar an bhforbairt atá á déanamh acu ar bheartais agus ar chláir lena mbaineann.

3.3.3 Gníomhartha leantacha Future Arts a rinne toscairí óga

D'fhógair roinnt toscairí óga ag an imeacht FYI ar an lá deireanach go raibh siad ag iarraidh cruinniú faoi cheannas na hóige a eagrú chun na smaointe a gineadh a fhorbairt tuilleadh. Socraíodh cruinniú "Future Arts" (a ainmníodh ón bhfóram ar líne a forbraíodh i gcomhar leis an imeacht FYI) don 8 Bealtaine.
Thug croíghrúpa d'eagraithe óga cuireadh do na rannpháirtithe go léir ón imeacht FYI a bheith mar chuid de ghrúpa google chun an cruinniú sin a phleanáil. Fógraíodh an cruinniú ar www.futurearts.ie agus tugadh cuireadh do roinnt den lucht déanta beartas freastal air freisin.

I measc thorthaí an chruinnithe ar an 8 Bealtaine bhí:

- Chuir grúpa daoine óga in iúl gur spéis leo www.futurearts.ie a fhorbairt mar acmhainn leanúnach mar chuid d'eagraíocht nua faoi cheannas na hóige chun tacú le cearta daoine óga páirt a ghlacadh sa saol cultúrtha agus sna healaíona.

- Rinne daoine óga ar spéis leo Future Arts a fhorbairt socrú chun bualadh le Léargas agus maoiniú a lorg le haghaidh tionscnaimh faoi cheannas na hóige chun na smaointe a gineadh ag an imeacht FYI a fhorbairt.
- Shocraigh daoine óga leanúint orthu ag teacht le chéile agus teagmháil a bheith acu le chéile chun Future Arts a fhorbairt a thuilleadh mar eagraíocht/gluaiseacht faoi cheannas na hóige, agus níos mó daoine óga a chuimsiú.

CUID 4

FREAGAIRT NA COMHAIRLE EALAÍON DO ART-YOUTH-CULTURE: FYI

Gníomhartha féideartha le haghaidh forbairt straitéiseach sa réimse Daoine óga, Leanaí agus Oideachais

Tá na gníomhartha seo a leanas a d'fhéadfaí a dhéanamh bunaithe ar anailís ar na ceisteanna a ardaíodh trí Art-Youth-Culture: FYI a bhfuil cur síos orthu sa doiciméad seo. Cé nach bhféadfaí na moltaí ar fad a rinne na toscairí óga ag an deireadh seachtaine a bheith mar "bheartas" láithreach, fuair an Chomhairle Ealaíon stór eolais ag an imeacht, eolas a d'fhéadfadh cabhrú leis an bhfoireann um Dhaoine Óga, Leanaí agus Oideachas straitéisí oibre a fhorbairt sna blianta romhainn. I roinnt mhaith cásanna, bonn atá sna gníomhartha a aithníodh lenar féidir iniúchadh agus scagadh breise a dhéanamh le príomhpháirtithe beartais, le comhghleacaithe na Comhairle Ealaíon, agus le heagraíochtaí maoinithe, lena gcaithfí straitéis chomhordaithe a chomhaontú.

Féach na torthaí a bhfuil cur síos orthu i gCuid 3 thuas maidir le gníomhartha a rinne an Chomhairle Ealaíon cheana féin mar fhreagra ar an imeacht FYI.

Glór do dhaoine óga a éascú maidir le forbairt na n-ealaíon in Éirinn

- Coiste comhairleach óige i leith na Comhairle Ealaíon a fhorbairt, ina mbeidh ionadaithe ó raon de chláir ealaíon óige ar fud na tíre, a d'fhéadfadh na nithe seo a leanas a dhéanamh: bualadh le baill foirne ábhartha na Comhairle Ealaíon agus ar a laghad comhalta amháin den Chomhairle chun ionchur a chur ar fáil maidir le forbairt leanúnach na n-ealaíon do dhaoine óga; freagairt do thionscnaimh ar leith de chuid na Comhairle Ealaíon, mar aon le tionscnaimh nua a mholadh; cuireadh a thabhairt do chleachtóirí gairmiúla ealaíon do dhaoine óga cabhrú le cruinnithe an choiste comhairligh óige agus gníomhaíochtaí coimhdeacha a éascú; féachaint chuige go bhfuil an próiseas ábhartha agus mealltach maidir le grúpa de dhaoine óga ilghnéitheacha agus próiseas cruthaitheach a éascú ina mbaintear leas as dea-chleachtas in ealaíona na n-óg.
- Grúpa saineolaithe/criticeoirí a fhorbairt ina bhfuil baill a d'fhéadfadh na nithe seo a leanas a dhéanamh: tuairisc a thabhairt don Chomhairle Ealaíon ar raon de ghníomhaíochtaí ealaíon na n-óg ar fud na tíre agus cabhrú sa phróiseas measúnaithe le haghaidh scéimeanna agus dámhachtana ábhartha de chuid na Comhairle Ealaíon.
- Cabhrú le tionscnaimh thacaíochta faoi cheannas na hóige sna healaíona a fhorbairt trí fháilte agus fiche a chur roimh thionscnaimh den chineál sin, agus rochtain ar fhaisnéis, deiseanna líonraithe, agus aird na meán i gcás grúpaí den chineál sin a éascú, mar is cuí.
- Féachaint chuige go bhfuil cleachtais chuí i bhfeidhm ag eagraíochtaí atá á

maoiniú ag an gComhairle Ealaíon agus a chuireann cláir ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga ionas gur féidir le daoine óga ionchur agus aiseolas a sholáthar maidir le soláthar agus forbairt clár atá dírithe orthu.

- Obair le Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann agus le hOifigigh Ealaíon na nÚdarás Áitiúil chun caidrimh idir Oifigí Ealaíon Áitiúla agus Comhairlí na nÓg áitiúla a a chothú agus a fhorbairt.

Abhcóideacht a dhéanamh ar son acmhainní fioscacha cuí a fháil

- Léargas soiléir a thabhairt ar sholáthar reatha na Comhairle Ealaíon i réimse na n-ealaíon do leanaí agus do dhaoine óga mar chéatadán den chaiteachas foriomlán. [Tá iniúchadh á dhéanamh faoi láthair ar sholáthar na Comhairle Ealaíon le haghaidh leanaí agus daoine óga, anuas ar an '5%' atá á riar tríd an bhfoireann um Dhaoine Óga, Leanaí agus Oideachas].

- Féachaint chuige go bhfuil acmhainní cuí ar fáil le haghaidh na n-ealaíon do leanaí agus do dhaoine óga trí abhcóideacht níos fearr agus trí chomhpháirtíocht a fhorbairt sa réimse seo.

Iarrachtaí a athnuachan chun ailíniú níos fearr idir na healaíona agus an t-oideachas a éascú ar mhaithe le leanaí agus le daoine óga i scoileanna

- Obair le comhpháirtithe amhail an Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha agus an Cumann do Chruthaitheacht agus do na hEalaíona san Oideachas, chun naisc níos láidre a éascú idir ealaíontóirí, eagraíochtaí ealaíon agus scoileanna, agus a chinntiú gur féidir le daltaí teacht ar fhaisnéis faoi acmhainní ealaíon áitiúla agus náisiúnta, ar féidir leo teacht orthu lasmuigh d'uaireanta scoile.

- Caidreamh níos fearr idir scoileanna agus acmhainní ealaíon áitiúla a éascú, a spreagadh agus soláthar dó trí chomhpháirtíochtaí áitiúla do na healaíona san oideachas a dhreasú a thuilleadh.

- Iarrachtaí a athnuachan chun na moltaí atá leagtha amach in Pointí Ailíniúcháin a chur i bhfeidhm.

Acmhainní agus faisnéis a chomhordú chun pointí rochtana do dhaoine óga ar na healaíona a mhéadú, i gcomhar lenár gcomhpháirtithe

- Meitheal a thionól, i gcomhar le príomhpháirtithe beartais, a thacaíonn leis na healaíona do leanaí agus do dhaoine óga, a chomhordaíonn faisnéis faoi na hacmhainní atá ar fáil agus a chuireann an fhaisnéis sin ar fáil go forleathan do dhaoine óga. Féachaint chuige go bhfuil ionadaíocht ag daoine óga sa mheitheal. Machnamh a dhéanamh freisin ar na deiseanna chun struchtúr láidir uileghabhálach a chruthú d'fhonn ionadaíocht a dhéanamh ar son an réimse oibre ar

leith sin.

- Scagadh a dhéanamh, i gcomhar le hionadaithe ealaíon áitiúla, ar na tacaí ábhartha d'ealaíona na n-óg laistigh de cheantair na n-údarás áitiúil a fhorbairt a thuilleadh lena n-áirítear deiseanna níos fearr le líonrú agus le scileanna a roinnt i réimse na n-ealaíon do dhaoine óga a dhreasú nó a éascú.

Forbairt mol/spásanna cruthaitheacha le haghaidh ealaíona na n-óg a dhreasú

- Scagadh a dhéanamh ar mhoil le haghaidh ealaíona na n-óg a chruthú (nó lárionaid reatha a fhorbairt más ann dóibh), i gcomhar le príomhpháirtithe, amhail an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, údaráis áitiúla, ionaid ealaíon, Coistí Gairmoideachais áitiúla agus eile, d'fhonn spásanna cruthaitheacha a chur ar fáil inar féidir le daoine óga an spéis atá acu sna healaíona a fhorbairt. Machnamh a dhéanamh ar scéim dhreasachta a bheith ann, agus féachaint chuige go bhfuil baint ag daoine óga le spásanna a phleanáil agus a reáchtáil de réir na gcritéar chun tacaíocht a fháil. Mura bhfuil ionaid fheiliúnacha ann cheana, machnamh a dhéanamh ar aonaid forbraíochta atá as úsáid a bheith ar fáil mar spás cruthaitheach do dhaoine óga.

Tacú le daoine óga a mbealach féin tríd na healaíona a fhorbairt

- Féachaint chuige go mbíonn faisnéis úsáideach agus inrochtana agus naisc le haghaidh daoine óga ar spéis leo páirt a ghlacadh i bhfoirmeacha ealaíne éagsúla curtha ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Comhairle Ealaíon.

- Leanúint d'imeachtaí líonraithe agus sárthaispeántais le haghaidh daoine óga a bhfuil spéis acu sna healaíona a éascú agus bonn taca a chur fúthu trí Scéim Ensembles na nÓg, agus ar bhealaí cuí eile.

Obair leantach a dhéanamh leis na foirne ábhartha laistigh den Chomhairle Ealaíon agus le heagraíochtaí comhpháirtíochta i réimsí ealaíne ar leith chun torthaí ábhartha ó Art-Youth-Culture: FYI a roinnt, agus machnamh a dhéanamh ar na chéad chéimeanna eile a d'fhéadfaí a dhéanamh

- Aiseolas ón imeacht FYI a roinnt le príomhsholáthraithe na bhfoirmeacha ealaíne amhail Music Network, Cumann Ceolfhoirne Óige na hÉireann, First Music Contact, Institiúid Scannán na Éireann, Cumann Náisiúnta Drámaíochta na hÓige agus eile, maidir le smaointe agus ceisteanna a ardaíodh a bhaineann lena réimsí ealaíne.

- Aiseolas ón imeacht FYI a roinnt le gach ceann d'fhoirne foirme ealaíne agus d'fhoirne cleachtais ealaíne na Comhairle Ealaíon ar mhaithe le scagadh a dhéanamh ar conas is féidir le torthaí a bheith ina bhfoinse eolais níos fearr do bheartais reatha agus do bheartais amach anseo na Comhairle Ealaíon i réimse na n-ealaíon do dhaoine óga. Mar chuid den bheart sin, scagadh a dhéanamh, i gcomhar le foireann rannpháirtíochta na Comhairle Ealaíon, ar straitéisí chun daoine óga faoi mhíchumas a spreagadh le bheith rannpháirteach i gcúrsaí ealaíon, agus ar bheartas cuí maidir le físeáin agus taibhléirithe do lucht féachana óg a fhortheidealú.

Cé gur léir go gcaithfí cuid mhaith de na gníomhartha a d'fhéadfaí a dhéanamh atá leagtha amach thuas a phlé agus a scagadh tuilleadh leis na príomhpháirtithe, tá tionchar ag cuid acu cheana féin ar chleachtais oibre na foirne um Dhaoine Óga, Leanaí agus Oideachas ag an gComhairle Ealaíon. Agus an tuarascáil seo á scríobh, tá an Chomhairle Ealaíon i mbun tosaíochtaí straitéiseacha maidir le

rannpháirtíocht daoine óga sna healaíona a leagan amach. Cuirfear na straitéisí sin i bhfeidhm ón mbliain 2011 ar aghaidh.

Rinneadh réamhobair ríthábhachtach ag imeacht FYI don phróiseas sin ó thaobh réimsí tábhachtacha a shainaithint lena bhforbairt agus le scagadh breise a dhéanamh orthu. Ba é an rud ba thábhachtaí a baineadh amach in Art-Youth-Culture: FYI ná gur tugadh léargas soiléir ar an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go mbíonn glór daoine óga i gcroílár na mbeartas de chuid na Comhairle Ealaíon a mbíonn tionchar acu ar an taithí a fhaigheann daoine óga ar na healaíona. Is bonn daingean é an imeacht lenar féidir leis an bhfoireann um Dhaoine Óga, Leanaí agus Oideachas leanúint ar aghaidh lena n-idirphlé leanúnach idir daoine óga, an Chomhairle Ealaíon agus chomhpháirtithe straitéiseacha.

AGUISÍN A

TOSCAIRÍ ÓGA

Ainm	Grúpa	Contae
Saoirse Meehan	Duine Aonair	An Iarmhí
Mica Warren	Duine Aonair	Cill Mhantáin
Ann McHugh	Duine Aonair	Lú
Robin Cafolla	Duine Aonair	Laois
Seraphim Dempsey	Duine Aonair	Baile Átha Cliath
Karl Magee	Duine Aonair	An Iarmhí
Gil Giblin	Duine Aonair	Baile Átha Cliath
Dean McHugh	Duine Aonair	Baile Átha Cliath
Miriam Walsh	Irish Deaf Kids	Corcaigh
Shannon Murphy	Irish Deaf Kids	Loch Garman
Caroline Carswell *(Ceannaire)*	Irish Deaf Kids	Baile Átha Cliath
Laura O'Hare	Young Arts Cooperative	Antroim
Pauline Matthews *(Ceannaire)*	Young Arts Cooperative	Antroim
Rachel McFaul	Young Arts Cooperative	Antroim
Sophie Wright	Young Arts Cooperative	Antroim
Jodie Maxwell	Ionad Acmhainne Teaghlaigh Naomh Caoimhín	Baile Átha Cliath
Cliodhna Caslin	Ionad Acmhainne Teaghlaigh Naomh Caoimhín	Baile Átha Cliath
Tori Durrer *(Ceannaire)*	Ionad Acmhainne Teaghlaigh Naomh Caoimhín	Baile Átha Cliath
Niamh Tennyson	Dublin Youth Theatre	Baile Átha Cliath
Gemma Collins	Dublin Youth Theatre	Baile Átha Cliath
Jemma Curran	Dublin Youth Theatre	Baile Átha Cliath
Neil Douglas	Dublin Youth Theatre	Baile Átha Cliath
Amy Brosnahan	Northside Learning Hub	Luimneach
Blaithnaid Richardson	Northside Learning Hub	Luimneach
Niamh McDaid	Artlink	Dún na nGall

Amanda Nelson	Artlink	Dún na nGall
Elaine Forde *(Ceannaire)*	Artlink	Dún na nGall
Marie de la Gueronniere *(Ceannaire)*	Téatar Óige Chontae Shligigh	Sligeach
Cathal O'Hara	Téatar Óige Chontae Shligigh	Sligeach
Laura Hunt	Téatar Óige Chontae Shligigh	Sligeach
Kiefer Moriarty-Short	Téatar Óige Chontae Shligigh	Sligeach
Saieda Sara Kelly	Téatar Óige Chontae Shligigh	Sligeach

Shane Leonard	Téatar Óige Chontae Shligigh	Sligeach
Ciaran Conway	Téatar Óige Chontae Shligigh	Sligeach
Brian Devaney	Téatar Óige Chontae Shligigh	Sligeach
Martina Collender	Ealaíona na nÓg Phort Láirge	Port Láirge
Sinead Bolger	Ealaíona na nÓg Phort Láirge	Port Láirge
Freddie Hoskins	Comhairle na nÓg Chill Mhantáin	Cill Mhantáin
Aoise Porter Killeen	Comhairle na nÓg Chill Mhantáin	Cill Mhantáin
Zara Lambert	Comhairle na nÓg Chill Mhantáin	Cill Mhantáin
Michael Pluck	Comhairle na nÓg Chill Mhantáin	Cill Mhantáin
Michael Mahon	Tionscadal Óige Rialto	Baile Átha Cliath
Daniel Merriman	Tionscadal Óige Rialto	Baile Átha Cliath
Nicola Mooney *(Ceannaire)*	Tionscadal Óige Rialto	Baile Átha Cliath
Cian O'Melia *(Ceannaire)*	Tionscadal Óige Rialto	Baile Átha Cliath
Eric O'Brien	Taibhealaíona DKIT	Lú
David Maine	Taibhealaíona DKIT	Muineachán
Maria Jose Lluque Lopez	Galway Youth Theatre	Gaillimh
Nadine Healy	Galway Youth Theatre	Gaillimh
Greg Howie	An Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha	Baile Átha Cliath
Hannah Fitzpatrick	An Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha	Baile Átha Cliath
Hugo Byrne	An Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha	Baile Átha Cliath
Kari Cahill	An Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha	Baile Átha Cliath
Amy O'Sullivan	Tenderfoot/Civic Theatre	Baile Átha Cliath
Karla Bridges	Tenderfoot/Civic Theatre	Baile Átha Cliath
Declan Moore	Tenderfoot/Civic Theatre	Baile Átha Cliath
Seoid Ní Laoire	Tenderfoot/Civic Theatre	Baile Átha Cliath
Jamie Kearney	Canvas, Comhairle Contae Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin	Dún Laoghaire/Ráth an Dúin
Aine Byrne	Canvas, Comhairle Contae Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin	Dún Laoghaire/Ráth an Dúin

Andreas Kindler	Exchange Dublin	Baile Átha Cliath
Rosin Beirne	Exchange Dublin	Baile Átha Cliath
Donal Foreman	Exchange Dublin	Baile Átha Cliath
Tom Stewart	Exchange Dublin	Baile Átha Cliath
Patrick Walsh	Exchange Dublin	Baile Átha Cliath
Ed Galligan	Exchange Dublin	Baile Átha Cliath
Emma Kavanagh	Exchange Dublin	Baile Átha Cliath

AGUISÍN B

SCEIDEAL NA nIMEACHTAÍ

Art-Youth-Culture: FYI Cruinniú idir daoine óga agus lucht déanta beartas 27-29 Márta 2010

Dé Sathairn 27 Márta 2010

FilmBase, Barra an Teampaill, Baile Átha Cliath
(Beidh roinnt gníomhaíochtaí scaoilte ar siúl in Exchange Dublin, Barra an Teampaill)

1-2 i.n. Teacht Isteach/Lón

2 i.n. - 3:30 i.n. Oscailt

1. Aitheasc fáiltithe le hOrlaith McBride, Comhalta, an Chomhairle Ealaíon
2. Cur síos ar an gcomhthéacs ag Martin Drury, Stiúrthóir Ealaíon, an Chomhairle Ealaíon: - *Arts Policy and Provision in Ireland: The Bluffer's Guide / A Roadmap (not to scale)*
3. Ceardlann tosaigh le toscairí óga agus lucht déanta beartas

4-6 i.n. Ceardlanna ealaíon

Roinntear na toscairí ina ngrúpaí chun scagadh a déanamh ar phríomhthéamaí trí na foirmeacha ealaíne seo a leanas:

- Amharcealaíona
- Ceol/na hEalaíona Labhartha
- Téatar
- Scannán

6-7 i.n. Dul chuig an Grainstore, Cábán tSíle

7-10 i.n. Dinnéar agus sárthaispeántas ag an Grainstore, Cábán tSíle

Dé Domhnaigh 28 Márta 2010

FilmBase, Barra an Teampaill, Baile Átha Cliath

(Beidh roinnt gníomhaíochtaí scaoilte ar siúl in Exchange Dublin, Barra an Teampaill. Taispeánfar scannán i rith am lóin san IFI, Barra an Teampaill, Baile Átha Cliath.)

10 r.n. - 12 i.n. Ceardlanna ealaíon

Leanann na toscairí orthu scagadh a déanamh ar phríomhthéamaí ina ngrúpaí scaoilte trí na foirmeacha ealaíne seo a leanas:

- Amharcealaíona
- Ceol/na hEalaíona Labhartha
- Téatar
- Scannán

12 - 1:30 i.n.Lón agus Taispeáint Scannán san IFI
Buaicphointí ón gclár Fresh Film, agus rogha de scannáin ghearra sainealaíne.

2-4 i.n. Ceardlanna ealaíon
Leanann na toscairí orthu scagadh a déanamh ar phríomhthéamaí ina ngrúpaí scaoilte trí na foirmeacha ealaíne seo a leanas:

- Amharcealaíona
- Ceol/na hEalaíona Labhartha
- Téatar
- Scannán

5-6:30 i.n. Aiseolas ó cheardlanna ealaíon
Aiseolas ó na Grúpaí ina dtugtar achoimre ar na smaointe a ndearnadh scagadh orthu trí thaibhléiriú/thaispeáint/phlé. Cinneann na toscairí conas is mian leo smaointe a chur i láthair ag an seisiún deireanach tráthnóna Dé Luain le lucht déanta beartas.

Dé Luain 29 Márta 2010

Oifigí Cathartha Bhaile Átha Cliath, Ionad Ché an Adhmaid

10:30-12:30 Beartais a Chur i bhFeidhm: Plé comhchéime le lucht déanta beartas agus soláthraithe cultúrtha.

- Conas a dhéantar ionadaíocht ar dhaoine óga inár mbeartais agus soláthar ealaíon agus cultúrtha i láthair na huaire?
- Conas is féidir le daoine óga tionchar a imirt ar thionscnaimh reatha nó ar thionscnaimh amach anseo a fhorbairt?

12:30-1:30 i.n. Lón do thoscairí óga agus lucht déanta beartas
Beidh na smaointe a gineadh i gceardlanna roimhe sin ar taispeáint.

1:30-3:30 i.n.An Pictiúr Mór - Daoine óga, na healaíona agus an saol cultúrtha in Éirinn.

- Tugann toscairí aiseolas ar phríomhcheisteanna a tháinig chun cinn in Art-Youth-Culture: FYI
- Pléann toscairí agus lucht déanta beartas na chéad chéimeanna eile

Tá an tionscadal seo á mhaoiniú le tacaíocht an Choimisiúin Eorpaigh. Is é dearcadh an údair amháin atá sa teachtaireacht seo, agus ní bheidh an Coimisiún freagrach ar bhealach ar bith as aon úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá le fáil inti.

AGUISÍN C:

PLÉ SNA CEARDLANNA



Meabhairmhapa na nAmharcealaíon

Ábhar na bpóstaer ó sheisiún scaoilte na n-amharcealaíon

Rinneadh 'meabhairmhapa' de phríomh-ábhair imní a chódú de réir dathanna mar seo a leanas: dearg le haghaidh fadhbanna; buí le haghaidh smaointe; oráiste le haghaidh ceisteanna; glas le haghaidh réiteach; gorm le haghaidh réimsí a bhfuil gealladh iontu.

Rinne an grúpa amharcealaíon póstaeir agus chuir siad iad ar taispeáint i bhfuinneoga a spáis ceardlainne (urlár na talún de FilmBase i mBarra an Teampaill) agus i spásanna as úsáid i lár na cathrach (go háirithe i Margadh na Feirme) mar chuid dá ngníomhaíocht sráide.
Tugtar léiriú ar smaointe an ghrúpa in ábhair na bpóstaer:

- Ag Oscailt go Luath. Gailearaí Ealaíne Comhaimseartha, a thacaíonn le healaíontóirí óga.
- Ranganna ealaíne saor in aisce do leanaí.
- Forbairt, Ceistiú, Scagadh, Foghlaim trí Ealaín, Cruthaitheacht agus Féinléiriú.
- Teiripe Ealaíne: arna maoiniú ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.
- Seisiúin Saor in Aisce ar Oscailt do Chách: Ceardlanna drámaíochta, Teiripe Amharcealaíne, Teiripe Cheoil.
- Ceardlann d'Ealaíontóirí Óga ar Oscailt Anois.
- Ní féidir cruthaitheacht a mhúineadh. Caithfear í a fhorbairt.
- Tá spásanna ar oscailt anois ar mhaithe le gníomhaíocht chruthaitheach.
- Mar thoradh ar phlé faoi ealaíona na n-óg a mhaoiniú, thoiligh an Chomhairle Ealaíon spásanna oscailte as úsáid ar fud na hÉireann a oscailt lena n-úsáid agus lena riar ag daoine aonair agus ag meithleacha ar mhaithe lena riachtanais ealaíne. Beidh tacaíocht airgeadais á cur ar fáil dóibh freisin chun an méid sin a

dhéanamh.

- Lárionaid Ealaíon Cruthaitheach Radacach.
- Spásanna ina n-éascaítear foghlaim shaor agus déantús cruthaitheach trí cheardlanna, stiúideonna, agus spásanna oscailte.
- Gan baint a bheith acu go sonrach le céim ealaíne/CV - bunaithe ar dhíograis na rannpháirtithe.

Cur i láthair ag grúpa téatair

Baineadh leas as na nótaí seo a leanas i dtaibhléiriú an ghrúpa téatair do na toscairí agus don lucht déanta beartas ar fad. Sa taibhléiriú a rinne siad, léigh na rannpháirtithe amach sleachta ó Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh agus chomhroinn siad nótaí tráchta gairide agus tuairimí maidir leis an mbaint atá aige seo le hÉirinn. Tá léargas éigin sna nótaí ar ábhair imní na dtoscairí agus is achoimre iad ar na ceisteanna agus na réitigh a pléadh.

Ba chóir go mbeinn in ann...

- Foghlaim faoi dhráma agus faoi théatar i ngach leibhéal den oideachas.
- Páirt a ghlacadh go hiomlán i ngrúpaí téatair don óige.
- Freastal ar an amharclann ar phraghas réasúnta.
- Mo scileanna drámaíochta a úsáid i réimsí eile den saol.
- Teacht ar fhaisnéis maidir le: forbairt ghairmiúil.
- Teagmháil a dhéanamh le lucht déanta beartas go héasca.
- Slí bheatha réasúnta a bhaint amach mar ealaíontóir.
- Teacht ar shaoráidí le bheith cruthaitheach beag beann ar aois

ná ar chúlra. Ba mhaith liom go ndéanfadh mo leanaí na nithe

seo a leanas a dhéanamh...

- Fás aníos agus meas a bheith acu ar na hEalaíona mar a bheadh meas acu ar aon réimse eile den saol, beag beann ar aicme sóisialta, ar shuíomh geografach ná ar chóras luachanna.
- A lánacmhainneacht a bhaint amach agus iad féin a chur in iúl nuair is mian leo.
- Acmhainn shuntasach a bheith ina gcuid oideachais chun a mbuanna cruthaitheachta a fhorbairt trí na healaíona agus meas á léiriú ar a gcuid indibhidiúlachta.

Ní theastaíonn uaim a bheith i mo chónaí i dtír sna cúinsí seo a leanas...

- Ní chaitear ach céatadán fíorbheag den olltáirgeacht náisiúnta ar na healaíona.
- Ní éistear le daoine óga toisc nach féidir leo vóta a

chaitheamh fós. Is féidir tosú trí na rudaí seo a leanas

a dhéanamh...

- Na moltaí a chur in ord tosaíochta in Pointí Ailíniúcháin.
- Maoiniú sásúil a chur ar fáil do théatar na n-óg ar fud na tíre.
- Oideachas ealaíon a chur ar fáil do gach dalta.
- Pointí le haghaidh scoileanna drámaíochta a laghdú.

Cad is féidir linn a dhéanamh anois?

- Coistí óige i dtéatair na n-óg.
- For-rochtain níos fearr ar dhaoine óga ó théatair ghairmiúla.
- Na buntáistí a bhaineann le rannpháirtíocht sna healaíona a chur chun cinn.
- An scéal a scaipeadh maidir leis an gcruinniú seo.
- Agóid a dhéanamh ag Teach Laighean.
- Scríobh chuig do pholaiteoir áitiúil.
- Leas a bhaint as spásanna folmha le haghaidh téatair.

AGUISÍN D:

TUAIRISC FUTURE ARTS MAIDIR LEIS AN bPLÉ COMHCHÉIME

Future Arts – Tuairisc maidir leis an bplé comhchéime le lucht déanta beartas

Bhí ionadaithe óga a bhainistigh an suíomh Gréasáin Future Arts ag breathnú agus ag tuairisciú ar na cineálacha éagsúla plé a bhí ar siúl le linn an imeachta. Tá léargas breise ar an aiseolas a bhfuil cuntas air i dtromchuid na tuarascála, go mór mór maidir leis an bplé comhchéime le lucht déanta beartas, le fáil san achoimre atá foilsithe ar an suíomh Gréasáin.

"Bhí sraith pléite comhchéime ar siúl ar maidin idir lucht déanta beartas agus toscairí. Ardaíodh na pointí seo a leanas i bplé faoi ionadaíocht, áiseanna inrochtaineachta agus oideachas:

- Ealaíona & Oideachas – caithfidh struchtúr tacaíochta agus forbartha a bheith ann chun daoine óga a chothú agus iad ar an scoil ar scoil lena chinntiú go dtuigeann siad tábhacht na n-ealaíon ó aois an-óg. Tháinig sé chun solais go bhfuil daoine óga go láidir den tuairim nach bhfuil ionadaíocht á déanamh ar a son san oideachas agus airíonn siad go bhfuil orthu foghlaim ar bhealach áirithe atá loighciúil, agus sin amháin, agus nach mbaintear feidhm as an gcruthaitheacht sa bhealach sin.

- Na nithe a bhfuil daoine óga ag súil leo ón gComhairle Ealaíon agus ó lucht déanta beartas – tacaíocht, faisnéis, inrochtaineacht, follasacht agus caidreamh láidir oibre. Chuir go leor den lucht déanta beartas in iúl gur aontaigh siad leis an méid sin agus bhí siad an-tógtha leis. Airíonn siad go bhfuair siad deis fáil amach faoina bhfuil daoine óga ag iarraidh. Tá ríméad orthu nach córas aontreo a bheidh sa nasc.

- Spás Folamh – ceann de na téamaí is mó an deireadh seachtaine seo. Is léir go measann daoine óga gur comhartha iad na spásanna sin nach bhfuil in úsáid ar cé chomh haineolach agus atá daoine faoin ngá atá ag daoine óga le háiseanna lena chinntiú go mbíonn borradh faoi na healaíona. Tháinig sé chun solais go bhfuil lucht déanta beartas scartha amach go forleathan i ranna éagsúla agus go bhfuil easpa cumarsáide ann. Mheas an lucht déanta beartas freisin go raibh teagmháil níos mó ag grúpaí ealaíon agus óige le hinstitiúidí bunaithe. Bhraith siad gur chóir do dhaoine óga a seasamh féin a ghlacadh seachas ionadaíocht a bheith á déanamh ag institiúidí foirmiúla ar a son, ach go bhfuil sé tábhachtach go bhfuil na hinstitiúidí sin ann mar fhoinse tacaíochta agus faisnéise.

- Leathnú isteach i gceantair thuaithe – tháinig daoine ó chúlraí éagsúla le chéile in áit amháin don chomhdháil seo agus leag sé sin béim ar an ngá leis na difríochtaí idir ceantair thuaithe agus bruachbhailte a thuiscint. B'iomaí ceist a ardaíodh, idir chostais taistil agus lárionaid phobail nó easpa lárionaid phobail. Léiríodh nach féidir le lucht déanta beartas ar an leibhéal náisiúnta bratchinntí a dhéanamh ach go gcaithfidh siad ceantair a mheasúnú bunaithe ar mhéid, ar dhaonra, ar chóimheas daoine óga agus ar rannpháirtíocht ghníomhach sna healaíona.

- Ionadaíocht – tháinig roinnt mhaith téamaí chun solais ag an deireadh seachtaine, téamaí atá an-tábhachtach do na toscairí go léir. Is léir dá bhrí sin go bhfuil cineál éigin ionadaíochta seachas ionadaíocht na n-institiúidí ag teastáil uathu. Chuir toscairí in iúl go minic go dteastaíonn uathu seasamh a ghlacadh iad féin.
- Comhairlí Áitiúla – chuir daoine óga in iúl nárbh eol dóibh cé hiad na daoine ina n-oifig [ealaíon áitiúil] ná cá háit ar chóir dóibh faisnéis a lorg. Ba chóir dár gcomhairleoirí agus polaiteoirí teagmháil a dhéanamh le daoine óga ina bpobail chun caidreamh oibre láidir a chruthú.
- Trealamh – ní féidir teacht ar threalamh i gcathracha ná i gceantair thuaithe go mór mór. Dá bhféadfaí teacht ar threalamh dhéanfaí spéis sa réimse a spreagadh go mór. Chabhródh sé mór dá mbeadh faisnéis ann faoi conas trealamh a aimsiú/a fháil ar cíos."

Tá nótaí breise faoi na ceardlanna, na gníomhaíochtaí agus faoin bplé mar a bhfuil tuairisc orthu ar www.futurearts.ie le feiceáil ar an suíomh Gréasán sin faoi 'Nuacht Ginearálta'.

LIOSTA NA mBALL FOIRNE AGUS NA nÉASCAITHEOIRÍ

An Chomhairle Ealaíon - an Fhoireann um Dhaoine Óga, Leanaí agus Oideachas

Gabrielle Tanham, Ceann

Audrey Keane, Oifigeach
Mathilde Veldt, Cúntóir

Comhairleoirí na Comhairle Ealaíon

Margaret Rogers, Speisialtóir um Chosaint agus Leas Leanaí

Seóna Ní Bhriain, Comhairleoir agus Comhordaitheoir Imeachtaí Ealaíona na nÓg

Éascaitheoirí na gceardlann

Ron Cooney (Ceol) Colm Quearney (Ceol) Megs Morley (Amharcealaíona)

Emma Haugh (Amharcealaíona) Liam Halligan (Téatar)

Irma Grothuis (Téatar agus ceardlanna leis an ngrúpa iomlán)
Bríd Ní Ghruagáin (Scannán) Katie Lincoln (Scannán)

Owen Mills (Scannán)
Seán Mulvanny (Scannán)

Suíomh Gréasáin Future Arts – dearadh agus doiciméadúchán

Jonah King, Exchange Dublin

Eimear Fitzmaurice, Exchange Dublin

Doiciméadúchán

Físeáin Macalla

Teoranta

AGUISÍN F:

FOINSÍ EOLAIS NA TUARASCÁLA SEO

- **Art-Youth-Culture: FYI**, an réamhthuarascáil a thiomsaigh Irma Grothius. Ba é príomhfhoinse na faisnéise a úsáideadh chun an doiciméad seo a chruthú ná tras-scríbhinní mear-théacs agus páipéar smeach-chairte a gineadh ag an deireadh seachtaine.
- **Art-Youth-Culture:** FYI, Tuarascáil na Comhairle Ealaíon chuig Léargas. Tuarascáil mhionsonraithe maidir leis an imeacht a phleanáil agus a chur i bhfeidhm.
- Suíomh Gréasáin Future Arts
  Lena n-áirítear blag laethúil a nuashonraíodh le linn an imeachta, agus sraitheanna plé roimh an imeacht, lena linn agus ina dhiaidh.
- Foirmeacha tuairiscithe a chomhlánaigh na héascaitheoirí.
- Foirmeacha measúnaithe a chomhlánaigh toscairí óga agus lucht déanta beartas.
- Comhfhreagras r-phoist le lucht déanta beartas.
- Gearrthóga físe ón imeacht a thaifead baill den ghrúpa a rinne ceardlann scannánaíochta i gcomhar le Macalla Teo.